# Na Siollabais Oifigiúla
# do na Tréimhsí Foghlama
# sa Ghaeltacht
# do Mhic Léinn Oideachais
# ar an mBaitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge
# (Institiúid Oideachais Marino)

23 Deireadh Fómhair, 2019

## Clár na Siollabas


**Réamhrá** 5

Scileanna Teanga agus Tús Áite ag an Labhairt 8

Béimeanna sa Chur Chuige 8

Gramadach agus Ceartúsáid na Teanga 8

Comhrá 13

Rólimirt 13

Obair Bheirte 16

Am Lánroghnach 16

Cumarsáid leis na Mic Léinn 16

**Cuid 1: An Chéad Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht** 18

1. Torthaí Foghlama 18

**A. Seisiúin na Maidine** 19

2. Ábhar an tSiollabais 19

2.1 Téamaí agus Éagsúlacht 19

2.2 Mé Féin mar Fhoghlaimeoir 19

2.3 Gaeilge na Gaeltachta 20

2.4 An Ghaeilge ar Líne 21

2.5 An Ceantar agus Scríbhneoirí Áitiúla 23

2.6 An Ghné Chruthaitheach 24

2.7 Tasc 1: Díospóireacht 25

2.8 Gramadach 27

2.9 Cláir Ama Shamplacha – Seisiúin na Maidine 31

Seisiúin na Maidine – Seachtain 1 33

Seisiúin na Maidine – Seachtain 2 34

**B. Seisiúin an Tráthnóna** 35

3. Ábhar an tSiollabais 35

3.1 Ábhair Eile (na hAmharcealaíona; Corpoideachas – spórt, damhsaí; Ceol – amhr.; Drámaíocht - sceitsí) 35

3.2 Múineadh na Gaeilge 36

3.3 Tasc 2: Ceacht Staire a Scríobh 37

3.4 Siúlóidí Treoraithe/Turais 38

3.5 Sceidil Shamplacha – Seisiúin an Tráthnóna 39
Seisiúin an Tráthnóna – Seachtain 1 39
Seisiúin an Tráthnóna – Seachtain 2 39
4. Seisiúin na hOíche 40
5. An Fillteán Foghlama 40
6. Measúnú 41

**Cuid 2: An Dara Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht** 42
7. Torthaí Foghlama 42
**A. Seisiúin na Maidine** 43
8. Ábhar an tSiollabais 43
8.1 Téamaí agus Éagsúlacht 43
8.2 Mé Féin mar Fhoghlaimeoir Teanga 43
8.3 Gaeilge agus Cultúr na Gaeltachta 44
8.4 Na Meáin 45
8.5 An Ceantar agus Scríbhneoirí Áitiúla 48
8.6 An Ghné Chruthaitheach 49
8.7 Tasc 1: Agallamh agus Cur i Láthair 50
8.8 Gramadach 53
8.9 Cláir Ama Shamplacha – Seisiúin na Maidine 57
Seisiúin na Maidine – Seachtain 1 59
Seisiúin na Maidine – Seachtain 2 60
**B. Seisiúin an Tráthnóna** 61
9. Ábhar an tSiollabais 61
9.1 Ábhair
(Corpoideachas – spórt, damhsaí;
Ceol; Drámaíocht; Cluichí Boird; Cluichí Clóis;
an Béaloideas i mBailiúchán na Scol) 61
9.2 Tasc 2: Léirmheas ar bhéaloideas scoile as Bailiúchan na Scol 64
9.3 Siúlóidí Treoraithe/Turais 64
9.4 Sceidil Shamplacha – Seisiúin an Tráthnóna 64
Seisiúin an Tráthnóna – Seachtain 1 65
Seisiúin an Tráthnóna – Seachtain 2 65

10. Seisiúin na hOíche 67
11. An Fillteán Foghlama 67
12. Measúnú 68

Aguisín 1 Gluais 69
Aguisín 2 Teimpléad do Cheacht Staire 73
Aguisín 3 Teimpléad do Léirmheas ar bhéaloideas scoile as Bailiúchán na Scol 74

## Réamhrá

Is éard atá anseo ná na Siollabais don Chéad agus don Dara Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht do mhic léinn oideachais ar an mBaitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge in Institiúid Oideachais Marino. Beidh na Siollabais seo mar threoir do na Coláistí Gaeltachta a bheidh ag tairiscint cúrsaí do na mic léinn sin.

Is Siollabais ar leith iad seo agus ní hionann iad agus na Siollabais do na Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht do mhic léinn oideachais atá ag freastal ar chéimeanna a thugtar don chuid is mó trí mheán na Bhéarla, cé go bhfuil cosúlachtaí áirithe eatarthu.

Is Siollabais iad seo do mhic léinn oideachais a bhfuil céim san oideachas (bunmhúinteoireacht) á déanamh acu go hiomlán trí mheán na Gaeilge, ina bhfuil staidéar á dhéanamh acu ar an tumoideachas, ina bhfuil siad ag foghlaim faoin teoiric agus faoin bpraitic a bhaineann le FCÁT (Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha – ábhair uile an Churaclaim, seachas Béarla, a mhúineadh trí mheán na Gaeilge) agus ina bhfuil gach Socrúchán Scoile le déanamh acu i scoil Ghaeltachta nó i suíomh Lán-Ghaeilge lena n-ullmhú múineadh san earnáil sin. Ó thaobh na Gaeilge de, le háit a fháil ar an gcéim bíonn ar gach mac léinn H3 (70% - 79%) ar a laghad a fháil san Ardteistiméireacht. Ó thaobh na Gaeilge de chomh maith, bíonn ar mhic léinn Meánleibhéal B1 (Pas 50%) ar a laghad a fháil sna scrúduithe TEG. Tugann an Fráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE) "úsáideoirí neamhspleácha" ar na daoine sin. Faoi dheireadh na Chéad Bhliana den chéim beidh ar na daoine sin Meánleibhéal B2 a bhaint amach san FTCE agus faoi dheireadh na Tríú Bliana beidh orthu Ardleibhéal C1 a bhaint amach. Is é sin, beidh orthu a chruthú gur "úsáideoirí inniúla" iad. Ciallaíonn "úsáideoir inniúil", i measc rudaí eile, gur féidir leis an duine "ábhair chasta theibí a phlé le daoine eile…. tuairimí agus smaointe a chur in iúl nó a chosaint… labhairt faoi réimse leathan topaicí go cruinn líofa spontáineach… caint fhada a thuiscint gan mórán dua… déileáil le gnáth-théacsanna Nua-Ghaeilge… raon leathan de chineálacha téacsanna a scríobh." ( http://www.teg.ie/leibhéil-teg.171.html ) Léiríonn sé sin ar fad an leibhéal cumais a bhíonn ag na mic léinn ag an bpointe iontrála, na céimeanna in airde a bhíonn le tógáil acu i rith na céime, na dúshláin a chaithfear a chur rompu agus an obair mhór a bhíonn le déanamh ag na páirtithe leasmhara (na hInstitiúidí Oideachais agus na Coláistí Gaeltachta) leis na mic léinn chun an t-ardchumas sa Ghaeilge a bheidh riachtanach a bheith bainte amach acu a shroicheadh faoi dheireadh na céime.

Tugann na Siollabais do na Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht do mhic léinn ar an mBaitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge tús áite do riachtanais na mac léinn. Díríonn na Siollabais ar fhorbairt scileanna teanga an mhic léinn sa Ghaeilge do ghairm na múinteoireachta agus don saol. Díríonn na Siollabais ar chumas labhartha an mhic léinn go háirithe, ar chothú cruinnis agus ar shaibhriú teanga. Dírítear freisin ar chumas an mhic léinn Gaeilge a mhúineadh, ar theoiric agus ar phraitic an tumoideachais, agus ar chumas an mhic léinn ábhair eile churaclaim a mhúineadh trí mheán na Gaeilge. Leagtar béim ar a thábhachtaí is atá sé dearcadh dearfach i leith na Gaeilge a chothú sa mhac léinn mar aon le cion di, le súil go mbeidh fonn ar an mac léinn Gaeilge a labhairt i suíomhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla sa Ghaeltacht agus san Institiúid Oideachais, sa saol gairmiúil atá roimh an mac léinn ag obair i bpobal scoile agus sa saol i gcoitinne. Mar sin, cé go dtugann na Siollabais tús áite do riachtanais na mac léinn mar mhic léinn oideachais, ní siollabais fheidhmeacha iad amach is amach.

Tá na Siollabais dírithe ar thréimhsí coicíse i rith na bliana acadúla. Don Chéad Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht agus don Dara Tréimhse, glactar leis go mbeidh an mac léinn ag freastal ar Choláistí Gaeltachta difriúla.

Aidhmeanna

Bunaithe ar threoirlínte agus chritéir de chuid na Comhairle Múinteoireachta maidir le hoideachas tosaigh múinteoirí, is iad príomhaidhmeanna na Siollabas ná an obair a dhéanann na mic léinn le linn na dtréimhsí foghlama Gaeltachta a chomhtháthú:

- le cúrsaí teanga sna hInstitiúidí Oideachais
- leis na cúrsaí ar Mhúineadh na Gaeilge sa bhunscoil atá á ndéanamh ag na mic léinn sna hInstitiúidí Oideachais
- lena bhfuil á fhoghlaim ag na mic léinn sna hInstitiúidí Oideachais faoi FCÁT (Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha) i.e. faoi ábhair uile an Churaclaim – seachas Béarla – a mhúineadh trí mheán na Gaeilge.

Is iad aidhmeanna eile na Siollabas ná:

- deiseanna a sholáthar do na mic léinn áiseanna foghlama ar líne a aithint agus a aimsiú a chabhróidh leo féin mar fhoghlaimeoirí teanga, mar mhúinteoirí teanga agus mar

mhúinteoirí a bheidh ag múineadh na n-ábhar bunscoile uile – seachas Gaeilge – trí mheán na Gaeilge

- deiseanna a sholáthar do na mic léinn áiseanna foghlama agus teagaisc atá ann cheana féin don Ghaeilge agus d'ábhair eile sa bhunscoil (i leabhair agus ar líne) a aithint agus a aimsiú agus cuid acu a chur i dtoll a chéile, agus áiseanna nua foghlama agus teagaisc a chruthú le cur taobh le taobh leo
- cur le cumas na mac léinn ábhair eile churaclaim a mhúineadh trí mheán na Gaeilge
- taithí a thabhairt do na mic léinn ar chluichí boird atá oiriúnach d'am neamhfhoirmiúil sa seomra ranga bunscoile (laethanta fliucha agus araile) a imirt agus a mhúineadh
- taithí a thabhairt do na mic léinn ar chluichí clóis i nGaeilge atá oiriúnach don bhunscoil, a imirt agus a mhúineadh

Tá ábhar na Siollabas roinnte ina thrí chuid: Seisiúin na Maidine, Seisiúin an Tráthnóna agus Seisiúin na hOíche. I Seisiúin na Maidine dírítear ar scileanna teanga na mac léinn. I Seisiúin an Tráthnóna dírítear ar Mhúineadh na Gaeilge, ar ábhair eile a mhúineadh trí mheán na Gaeilge, ar chluichí agus ar spórt. I Seisiúin na hOíche beidh deiseanna ag na mic léinn páirt a ghlacadh in imeachtaí sóisialta foirmiúla a mbeidh an ghné chultúrtha díobh an-láidir.

Mar nach ionann na Siollabais do na Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht do mhic léinn oideachais ar an mBaitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge agus na Siollabais do mhic léinn oideachais eile, caithfear na mic léinn ar an mBaitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge a chur agus a choinneáil i ngrúpaí ar leith i gcónaí. Ní dhéanfar na mic léinn ar an mBaitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge a rangú de réir cumais. Buntáiste a bheidh ann, mar sin, mic léinn ar cainteoirí dúchais iad a bheith ina suí taobh le taobh le mic léinn eile ag glacadh páirte in obair bheirte, ag rólimirt agus araile, maidir leis na féidearthachtaí a sholáthraíonn sé sin cur le scileanna cluastuisceana na mac léinn, dea-fhoghraíocht a fhorbairt, saibhreas teanga a fhorbairt mar aon le líofacht cainte a chothú.

San iomlán is gá 35 uair an chloig sa tseachtain de ghníomhaíochtaí foirmiúla foghlama a chur ar siúl. Ba chóir go mbeadh ar a laghad 21 uair an chloig i Seisiúin na Maidine agus go gcaithfí an t-am sin ar fhorbairt scileanna teanga an mhic léinn, go háirithe an labhairt. Laistigh den 21 uair an chloig sin, tabharfar tús áite do riachtanais na mac léinn sna téamaí atá aitheanta do Sheisiúin na Maidine agus san am lánroghnach ar an gClár ama a bheidh ag gach Coláiste

Gaeltachta. É sin ráite, cinnteoidh na Siollabais agus na téamaí atá iontu go mbeidh comóntacht idir gach Coláiste Gaeltachta. Ba chóir go mbeadh ar a laghad 10 n-uaire an chloig i Seisiúin an Tráthnóna agus go gcaithfí an t-am sin ar Mhúineadh na Gaeilge, ar FCÁT (Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha) i.e. ar ábhair eile a mhúineadh trí mheán na Gaeilge, ar chluichí boird d'am neamhfhoirmiúil, ar chluichí clóis agus ar spórt. Ba chóir go mbeadh ar a laghad 4 huaire an chloig gach seachtain i Seisiúin na hOíche.

## Scileanna Teanga agus Tús Áite ag an Labhairt

I Seisiúin na Maidine, beidh na Scileanna Teanga go léir á bhforbairt. Is iad sin:

- Tuiscint (cluastuiscint, léamhthuiscint)
- Labhairt (rólimirt, obair bheirte, agallamh, comhrá, cur is cúiteamh, plé, láithriú foirmiúil)
- Léitheoireacht (os ard)
- Scríbhneoireacht (tascanna éagsúla)

Beidh tús áite i gcónaí ag an Labhairt. Déanfar na scileanna teanga go léir a fhorbairt ar bhonn comhtháthaithe. I gcónaí, mar sin, beidh níos mó ná scil amháin á forbairt ag an am céanna. Mar shampla, trí thascanna cluastuisceana agus cainte a bhunú ar mhíreanna fuaime nó físe, trí théacsanna clóite a léamh agus a phlé, nó trí thascanna scríbhneoireachta agus cumadóireachta. Déanfar cúram an t-am ar fad de cheartúsáid na teanga, d'fhoghraíocht na mac léinn, dá stór focal agus dá saibhreas cainte, dá líofacht cainte agus dá bhféinmhuinín.

## Béimeanna sa Chur Chuige

## Gramadach agus Ceartúsáid na Teanga

Sna Seisiúin fhoirmiúla ar fad (maidin, iarnóin agus oíche), is cuma céard a bheidh á chlúdach, beifear ag díriú i gcónaí ar cheartúsáid na teanga. Ó thaobh cheartúsáid na teanga de, beidh na múinteoirí i gcónaí eiseamláireach ina gcuid cainte, ina gcuid scríbhneoireachta agus in aon bhileoga agus nótaí a thugann siad do na mic léinn. Maidir le ceartúsáid na teanga a chothú sa mhac léinn aonair, má bhíonn mac léinn míchruinn ag labhairt, anois agus arís, agus nuair is cuí, úsáidfidh an múinteoir nod chun an mac léinn a spreagadh an rud atá ráite a rá i gceart nó déanfaidh an múinteoir ateilgean ar a bhfuil ráite ag an mac léinn gan a bheith ag súil i gcónaí go gceartóidh an mac léinn é/í féin. Ní bhíonn sé mar aidhm ag an múinteoir sna

cásanna sin cur isteach ar shruth cumarsáideach an mhic léinn ná lagmhisneach ná náire a chur ar an mac léinn ach tacaíocht agus cabhair a thabhairt don mhac léinn a bheith níos cruinne i mbun cainte.

Caithfear ranganna foirmiúla gramadaí a mhúineadh chomh maith. Moltar an tríú cuid de Sheisiúin na Maidine a chaitheamh ar ghramadach fhoirmiúil, i.e. seisiún amháin as gach trí cinn in aghaidh an lae. Is iad seo a leanas aidhmeanna na ranganna gramadaí:

- cur le cruinneas gramadaí na mac léinn go háirithe i gcomhthéacs na riachtanas a bheidh acu mar mhúinteoirí
- feasacht ghramadaí a chothú
- luach ar chruinneas a chothú i measc na mac léinn, luach ar chúram agus luach ar an tábhacht a bhaineann le stró ar mhaithe leis an gcruinneas
- na mic léinn a threorú chuig suíomhanna idirlín agus leabhair ghramadaí a chabhróidh leis na mic léinn cabhrú leo féin, scileanna a mhúineadh do na mic léinn a chabhróidh leo foclóirí agus áiseanna foghlama eile a úsáid, agus foghlaim neamhspleách a chur chun cinn
- cabhrú leis na mic léinn gramadach a mhúineadh

Níl na Siollabais seo saintreorach maidir leis na gnéithe den ghramadach ba chóir a chlúdach sna Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht. Rialóidh riachtanais na mac léinn céard a chlúdófar ó thaobh na gramadaí de.

Ó thaobh na riachtanas gramadaí a bheidh ag na mic léinn mar mhúinteoirí ag múineadh Gaeilge, is minic nach eol do na mic léinn sin na riachtanais sin go dtí go mbíonn siad ag múineadh. Is féidir sna ranganna sa Ghaeltacht cabhrú leis na mic léinn, mar shampla, scéal nó póstaer a phlé le páistí. Is fiú an suíomh sin a chruthú sa seomra ranga sa Choláiste Gaeltachta agus iarraidh ar na mic léinn póstaer nó scéal a phlé lena chéile i ngrúpaí. Sa suíomh sin aithneoidh na mic léinn go mbeidh cineálacha éagsúla ceiste ag teastáil uathu (Cé? Céard? Cá? Cathain? Cén t-am? Cén uair? Conas? Cén chaoi? Cén fáth? An? Ar? agus araile) agus i gcomhthéacs na gceisteanna sin tá sé tábhachtach go dtuigeann na mic léinn cathain a úsáideann an múinteoir an fhoirm spleách agus cathain a úsáideann an múinteoir an fhoirm neamhspleách. Riachtanas gramadaí eile a bheidh ag na mic léinn mar mhúinteoirí ná rialacha a bhaineann leis an réamhfhocal agus an alt (ar an; ar na; sa agus araile), rialacha a bhaineann

leis an bhforainm réamhfhoclach ("Tá eagla orm roimhe" agus araile.) agus araile. Smaoinítear freisin ar an gcruinneas a bheidh ag teastáil ó na mic léinn mar mhúinteoirí ag iad ag úsáid na Gaeilge go neamhfhoirmiúil sa scoil. Mar theanga bhainisteoireachta ranga, go laethúil beidh siad ag baint úsáide as an Tuiseal Gairmeach ("Anois, a pháistí!", "Taispeáin dom do chóipleabhar, a Sheáin" "Céard atá ort, a Shiobhán?" "Togha fir, a Eoghain!" agus araile), as an Modh Ordaitheach ("Bain díot do chóta", "Tagaigí isteach, a pháistí", "Ná habair rud ar bith mar sin le páiste eile" agus araile), as an Tuiseal Ginideach Iolra ("peil na gcailíní", "peil na mbuachaillí" agus araile) as an Modh Foshuiteach Láithreach ("Go sábhála Dia sinn!" "Go méadaí Dia do stór!" "Go gcumhdaí Dia thú!" "Nár lagaí Dia thú!") agus araile.

Maidir le feasacht ghramadaí a chothú, tapóidh an múinteoir sa Choláiste Gaeltachta gach deis chun géarchúis ghramadaí a chothú, chun na mic léinn a spreagadh féachaint ar an bhfocal scríofa agus éisteacht leis an bhfocal labhartha le fiosracht ó thaobh na gramadaí de, chun deimhniú a fháil an bhfuil rud éigin a dúirt duine éigin nó a scríobh duine éigin in áit éigin, cruinn nó míchruinn ("A Stór is a Stóirín!" "Púca sa Teach" "Oileán na nDraoithe" "Cumann na mBunscol"). Eascraíonn na deiseanna is fearr chun feasacht ghramadaí a chothú go teagmhasach, mar shampla, nuair a dhéantar tagairt do theideal leabhair, do logainm, d'ainm tí agus araile.

Léirítear seachas múintear an luach a bhaineann le cruinneas gramadaí trí iompar eiseamláireach an mhúinteora sa Choláiste Gaeltachta, tríd an gcúram a léiríonn an múinteoir os comhair na mac léinn, mar shampla, inscne focail nó pointe éigin eile gramadaí a sheiceáil trí dhul ar líne nó trí fhéachaint i leabhar gramadaí nó i bhfoclóir.

Taispeánfaidh an múinteoir do na mic léinn na suíomhanna idirlín agus na hacmhainní ar líne ar fad atá ann ar féidir leo úsáid a bhaint astu chun cabhair a fháil ó thaobh na gramadaí agus an litrithe de. Sa chomhthéacs sin, tá sé riachtanach cur leis na scileanna atá ag na mic léinn úsáid a bhaint as áiseanna cosúil le *Foclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill* ionas go dtuigfidh siad, mar shampla, an bhrí atá le nodanna cosúil le *"m.", "f.", "npl.", "gs.", "gpl.", "vn.", "pp.", "Var"* agus araile, agus leis an tsiombail "~".

Maidir le múineadh na gramadaí sa bhunscoil, ó am go chéile, bíonn ceisteanna ag na mic léinn faoin am ba chóir gnéithe ar leith den ghramadach a mhúineadh do pháistí bunscoile

sna ranganna éagsúla. Leis an mbéim atá ar chur chuige cumarsáideach in *Curaclam na Gaeilge*, ba chóir a chur in iúl do na mic léinn gur ar "úsáid chruinn na Gaeilge" a chuirtear béim sa bhunscoil seachas ar "eolas ar ghramadach". Chun deis a thabhairt do na mic léinn pointe éigin gramadaí a mhúineadh, d'fhéadfaí iarraidh ar na mic léinn ligean orthu gur múinteoirí iad agus gramadach a mhúineadh dá chéile i ngrúpaí i gcomhthéacs suímh chumarsáide faoi scáth Téama agus Topaice ó Churaclam na Gaeilge le béim ar úsáid chruinn chumarsáideach seachas ar eolas ar ghramadach. Mar shampla, Téama: An Scoil; Topaic: Mo Mhála Scoile; pointe gramadaí: Bunuimhreacha; "Céard atá agat i do mhála scoile?" "Níl agam ach **aon bh**osca lóin amháin. Tá **trí phe**ann luaidhe agam, sé leabhar agus **seacht gc**óipleabhar." Nó, mar shampla, i gceacht Staire agus plé á dhéanamh ar Phádraig Mac Piarais; cuspóir teanga – an Aimsir Chaite den Chopail le consan; "Cérbh é Pádraig Mac Piarais?" "**Ba mh**úinteoir / **ph**ríomhoide / **sh**aighdiúir / scríbhneoir é." "Níor **dh**ochtúir / **sh**iopadóir / **th**iománaí tram é."

Le linn na dTréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht is minic nach mbainfidh riachtanais na mac léinn leis na riachtanais a bheidh acu mar mhúinteoirí ach leis na riachtanais a bhaineann leis na scrúduithe a bheidh le déanamh acu sa Ghaeilge nuair a fhillfidh siad ar an Institiúid Oideachais. Ag teacht leis an ráiteas ag tús na Siollabas seo go dtugann na Siollabais tús áite do riachtanais na mac léinn agus ar mhaithe le spéis sna ranganna gramadaí agus úinéireacht orthu sna Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht a chothú agus ag aithint go mbeidh na mic léinn níos spreagtha má chlúdaítear gnéithe den ghramadach a roghnaíonn siadsan, is fiú a fháil amach ag tús gach Tréimhse céard iad go baileach riachtanais na mac léinn. Más iad na scrúduithe gramadaí a bheidh le déanamh acu nuair a fhillfidh siad ar an Institiúid Oideachais an chloch is mó ar a bpaidrín, ba chóir freastal ar na mic léinn agus an clár gramadaí a chlúdófar i rith na Tréimhse a aontú leo. Má aontaítear clár gramadaí agus má tharlaíonn sé go bhfuil gné(ithe) den chlár sin ar eolas cheana féin ag mac léinn éigin, ba chóir breathnú ar an ngné / na gnéithe sin den chlár mar dhaingniú ar a bhfuil foghlamtha cheana ag an mac léinn sin.

Déanfar an ghramadach i gcónaí i gcomhthéacs. Mar shampla, ar bhonn an-simplí, má bhíonn ar na mic léinn cuntas a thabhairt ar na rudaí go léir a rinne siad inné sa Ghaeltacht nó a dhéanann siad gach Satharn i rith na bliana nó a dhéanfaidh siad nuair a rachaidh siad abhaile nó a dhéanfaidís dá mbeadh an aimsir go maith, bíonn cúis ann chun an Aimsir nó an Modh

atá i gceist a mhúineadh. Comhthéacs an-mhaith don Mhodh Ordaitheach is ea nuair a bhíonn na mic léinn á n-eagrú féin le haghaidh cluichí nó damhsaí nó nuair a bhíonn siad ag gríosadh a chéile nó nuair a bhítear ag díriú ar an teanga a bhaineann le bainisteoireacht ranga.

Is fiú ó am go chéile aird na mac léinn a dhíriú ar roinnt de na botúin ghramadaí is coitianta a dhéanann páistí i scoileanna san earnáil Lán-Ghaeilge, mar shampla, "An bhfuil cead agam faigh leabhar?" (mícheart) – "An bhfuil cead agam leabhar a fháil?" (ceart). "Ní féidir liom oscail an buidéal." (mícheart) – "Ní féidir liom an buidéal a oscailt." (ceart). Is fiú a phlé leis na mic léinn go n-eascraíonn an botún áirithe sin as ró-úsáid a bhaint as an Modh Ordaitheach. Ba chóir a mholadh do na mic léinn úsáid a bhaint as múnlaí difriúla agus iad ag idirghníomhú leis na paistí. In ionad, mar shampla, "Cuir isteach do bhosca lóin, más é do thoil é" a rá i gcónaí, "Ar mhiste leat do bhosca lóin a chur isteach, más e do thoil é" a rá ina áit.

Ó thaobh mhúineadh na gramadaí de, níl aon chur chuige ar leith á mholadh. Is féidir úsáid a bhaint as an gcur chuige déaduchtach (an cur chuige traidisiúnta) nó as an gcur chuige ionduchtach. Sa chur chuige déaduchtach, tá an múinteoir lárnach. Tugann an múinteoir na rialacha do na foghlaimeoirí ar dtús, ina dhiaidh sin tugann an múinteoir samplaí a léiríonn na rialacha agus ansin iarrann an múinteoir ar na foghlaimeoirí cleachtaí a dhéanamh ina gcuireann na foghlaimeoirí na rialacha i bhfeidhm. A mhalairt de chur chuige atá sa chur chuige ionduchtach. Sa chur chuige ionduchtach tá an foghlaimeoir lárnach agus níos gníomhaí san fhoghlaim a tharlaíonn. In ionad tosú leis na rialacha, tosaíonn an cur chuige ionduchtach leis na samplaí ón múinteoir, spreagtar na foghlaimeoirí patrúin a thabhairt faoi deara trí anailís a dhéanamh ar na samplaí agus tagann na foghlaimeoirí ar na rialacha iad féin. Sa chur chuige ionduchtach, ní hamháin go mbíonn na foghlaimeoirí níos gníomhaí ina bhfoghlaim féin ach bíonn deiseanna acu comhoibriú lena chéile i mbeirteanna nó i ngrúpaí, patrúin a phlé agus teacht ar rialacha. Ó thaobh cúrsaí ama de, ní thógann cur chuige déaduchtach chomh fada le cur chuige ionduchtach. Le cur chuige ionduchtach, is féidir a áiteamh go mbíonn tuiscint níos fearr ag foghlaimeoirí ar na rialacha gramadaí a fhoghlaimíonn siad mar gheall ar an ról lárnach a bhíonn acu féin san fhoghlaim. (Chun níos mó eolais a fháil ar an gcur chuige ionduchtach, féach Ní Dhiorbháin, Aisling, (2014). *Bain Súp As!* Baile Átha Cliath: COGG)

Leis an tús áite atá á bhronnadh ar riachtanais na mac léinn, tuigtear nach bhfuil na Siollabais seo saintreorach maidir leis na gnéithe den ghramadach ba chóir a chlúdach sna Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht.

## Comhrá

Iarrtar an chéad chuid de Sheisiún 1 gach maidin a chaitheamh ar "Comhrá". Ciallaíonn sé sin, go dtosaíonn na mic léinn Seisiúin na Maidine ag labhairt lena chéile trí Ghaeilge. Beidh na mic léinn ag labhairt faoin gcaoi ar chaith siad an lá roimhe sin, faoin gcaoi a gcaithfidh siad an chuid eile den lá, faoi imeachtaí an Choláiste Ghaeltachta, faoi imeachtaí an tí, faoi rudaí atá ag tarlú ar an gcúrsa agus araile. Is deis é "Comhrá" chomh maith chun gnéithe tábhachtacha de Cheartúsáid na Gaeilge sna Siollabais seo a chur ar chumas na mac léinn. Nuair a bhaintear úsáid as obair bheirte sa chomhrá bíonn gach duine ag labhairt Gaeilge ag an am céanna.

## Rólimirt

Caithfidh rólimirt a bheith lárnach i Seisiúin na Maidine. Ag brath ar an gcaoi a ndéantar í, is féidir le rólimirt deis a thabhairt do gach duine ag an am céanna sa seomra ranga, Gaeilge a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh i suíomh taitneamhach gan bhrú. Ó thaobh na béime ar labhairt na teanga sna Siollabais seo agus ó thaobh na ndeiseanna fíorchumarsáideacha a bhíonn ag na mic léinn páirt a ghlacadh i ngnáthchomhrá Gaeilge go neamhfhoirmiúil sa Ghaeltacht (sa teach lóistín, sa siopa, sa teach tábhairne, ag meascadh lena chéile lasmuigh de na seisiúin fhoirmiúla), ó thaobh na ndeiseanna a bhíonn acu páirt a ghlacadh i ngnáthchomhrá Gaeilge ar socrúchán scoile (ag bualadh leis an bPríomhoide agus leis an múinteoir ranga den chéad uair, ag idirghníomhú le múinteoirí eile, le feitheoirí agus araile), agus ó thaobh na ndeiseanna a bhíonn acu Gaeilge a labhairt go neamhfhoirmiúil ina saol pearsanta (tinneas, caitheamh aimsire), caithfear cabhrú leis na mic léinn agus iad a spreagadh na riachtanais chumarsáide a bhíonn acu sna suíomhnna sin a chomhlíonadh trí mheán na Gaeilge. Comhlíonann rólimirt an riachtanas sin mar is éard a bhíonn i gceist ná na suíomhanna atá i gceist a chruthú, róil mar aon le cuspóir a thabhairt do na mic léinn sna suíomhanna sin agus, dá réir sin, riachtanais chumarsáide a chruthú a bheidh orthu a chomhlíonadh trí mheán na Gaeilge. Ar an mbealach sin, ullmhófar na mic léinn le bheith

fiorchumarsáideach i ngnáthchomhráite ina saol mar fhoghlaimeoirí, ina saol gairmiúil agus ina saol pearsanta. Cuirfear ar a gcumas réimse leathan d'fheidhmeanna teanga a chomhlíonadh nuair a bheidh tús á chur acu le comhrá (ag beannú dá chéile, ag gabháil leithscéil, ag lorg airde agus araile), i lár comhrá (ag cur agus ag freagairt ceisteanna, ag fiosrú faoi mhianta, ag léiriú mianta, ag iarraidh ar dhuine rud éigin a dhéanamh, ag cur smaoineamh chun cinn, ag fiosrú faoi ábaltacht, ag léiriú ábaltachta/easpa ábaltachta, ag aontú, ag easaontú, ag déanamh comhghairdis, ag déanamh comhbhróin agus araile) agus ag deireadh comhrá (ag coimriú, ag gabháil buíochais, ag fágáil sláin agus araile).

I Rólimirt Struchtúrtha déantar scafláil láidir do na rannpháirtithe, is minic a bhíonn téacs réamhcheaptha á leanúint agus cé go mbíonn an múinteoir ag iarraidh an oiread saoirse agus is féidir a thabhairt do na rannpháirtithe, ní bhíonn an tsaoirse chéanna acu agus a bhíonn acu i Saor-Rólimirt. Nuair a bhíonn rólimirt á déanamh is féidir na céimeanna seo a leanas a leanúint:

- Ag tús an tseisiúin déarfar leis na mic léinn go mbeidh siad ag rólimirt agus cén suíomh rólimeartha a bheidh i gceist (mar shampla, an teach lóistín sa Ghaeltacht). Caithfear iad a spreagadh an suíomh sin a shamhlú. Inseofar dóibh na róil éagsúla (Bean a' Tí agus Mac Léinn) a bheidh sa suíomh agus na cuspóirí (uisce te a fháil do chithfholcadh, a mhíniú cén fáth nach bhfuil uisce te ann) a bheidh ag gach ról.
- Oibreofar amach ar bhonn ranga cén Ghaeilge a bheidh ag teastáil sna róil éagsúla. Beidh cúis foghlama ag na mic léinn an Ghaeilge sin a fhoghlaim mar tuigfidh siad gurb é an cuspóir atá léi ná iad a chumasú feidhmiú go cumarsáideach sa suíomh rólimeartha ina mbeidh siad.
- Nuair a bheidh an t-ionchur teanga (ó théacs réamhcheaptha nó téacs a ullmhaítear leis na mic léinn) seo á dhéanamh is éard a bheidh á fhoghlaim ag na mic léinn ná eiseamláirí do na feidhmeanna teanga a bheidh i gceist, foclóir, frásaí agus gramadach. Féachfar chuige go mbeidh an t-ionchur teanga chomh saibhir agus is féidir. In Obair Bheirte beidh na mic léinn in ann cleachtadh a dhéanamh (i Rólimirt Struchtúrtha ag cloí leis an téacs don chuid is mó, i Saor-Rólimirt – níos mó saoirse) agus róil a mhalartú.
- Nuair a thiocfaidh sé chuig an rólimirt féin, go hiondúil beidh gach duine ag glacadh páirte ag an am céanna. Ní grúpa beag amháin mar sin a bheidh ag rólimirt os comhair ranga agus gach duine eile ag féachaint orthu. Beidh gach duine páirteach ag an am

céanna agus iad ag feidhmiú ina mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar timpeall an tseomra ranga. Ní bheidh aird iomlán an tseomra ranga mar sin ar ghrúpa amháin ná ar an mac léinn aonair laistigh den ghrúpa sin. Le gach duine páirteach ag an am céanna is suíomh gan bhrú a bheidh ann agus de ghnáth is taithí thaitneamhach í. Beifear ag súil leis chomh maith go mbeidh na mic léinn ag brath níos lú ar an téacs.

- Tar éis na rólimeartha ar fud an tseomra ranga, b'fhéidir go mbeadh fonn ar ghrúpa amháin an rólimirt a dhéanamh os comhair ranga. Tugann sé seo deis don teagascóir dul siar agus daingniú a dhéanamh ar eiseamláirí na bhfeidhmeanna teanga, ar fhoclóir agus ar fhrásaí, agus ar cheartúsáid na teanga. Beidh an teagascóir in ann na mic léinn a spreagadh anailís a dhéanamh ar an nGaeilge a bhí in úsáid acu agus iad ag rólimirt, feasacht teanga a chothú agus leathnú a dhéanamh ar an ábhar.
- Ar deireadh ar fad caithfear deiseanna a thabhairt do na mic léinn an Ghaeilge a d'úsáid siad i suíomh amháin a thraschur go suíomhanna eile mar gur cumas cumarsáide i gcoitinne atá á chothú agus ní cumas cumarsáide in aon suíomh ar leith. Ag an deireadh chomh maith, ba chóir na mic léinn a spreagadh Gaeilge a labhairt sa suíomh céanna san fhíorshaol.
- Is fiú go mór don teagascóir cur chuige an teagascóra – agus rólimirt á déanamh – a mhíniú do na mic léinn ionas go mbeidh siad féin mar fhoghlaimeoirí ag foghlaim go comhfhiosach agus mar mhic léinn go mbeidh tuiscint níos fearr acu ar chur chuige an teagascóra i.e. cur chuige cumarsáideach a bhfuil Curaclam na Gaeilge don bhunscoil bunaithe air.

In *Ábhar Tacaíochta do na Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht do Mhic Léinn Oideachais* (Grúpa Oibre na gColáistí Oideachais, 1 Márta, 2014) www.concos.ie , don Chéad Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht aithnítear na suíomhanna seo a leanas do Rólimirt Struchtúrtha agus do Shaor-Rólimirt: Sa Teach Lóistín sa Ghaeltacht, In Oifig an Phoist sa Ghaeltacht, Am Saor sa Ghaeltacht, Oifig an Phríomhoide, Teach atá ar cíos in aice leis an gColáiste Oideachais, An Roinn Timpistí agus Éigeandála, Cluiche Peile le Muintir na hÁite, Socrúchán Scoile agus Cóisir Bhliain is Fiche. Don Dara Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht aithnítear na suíomhanna seo a leanas do Rólimirt Struchtúrtha agus do Shaor-Rólimirt: Oifig an Phríomhoide, Clós na Scoile, Seomra na Múinteoirí, Ag Doras Oifig an Phríomhoide, An Pasáiste sa Scoil, Os Comhair an Ranga.

## Obair Bheirte

Mar chur chuige, caithfidh obair bheirte a bheith lárnach i Seisiúin na Maidine mar gheall arís ar an deis a sholáthraíonn sí do gach duine ag an am céanna sa seomra ranga, Gaeilge a labhairt i suíomh gan bhrú. Nuair a bhíonn obair bheirte ar siúl bíonn an topaic chéanna á plé ag gach duine. Arís, bíonn feidhmeanna teanga éagsúla á gcur i bhfeidhm. Bíonn ceisteanna á gcur ag daoine ar a chéile, bíonn siad ag tuairisciú, bíonn siad ag aontú agus ag easaontú lena chéile, ag lorg soiléirithe agus araile. Le linn don obair bheirte a bheith ar siúl, beidh gá ag daoine le ceisteanna, le foclóir, le frásaí agus araile ach ní bheidh daoine in ann cumarsáid a dhéanamh lena chéile gan an chuid is mó den teanga sin a bheith ar eolas acu roimh ré. Mar gheall air sin, caithfidh an teagascóir féachaint chuige go ndéantar ionchur teanga ar dtús i.e. go bhfoghlaimíonn na mic léinn an Ghaeilge a bheidh ag teastáil uathu san obair bheirte. Is fearr dreasa gearra gonta d’obair bheirte le fócas géar ná dreasa fada a d’fhéadfadh dul ar seachrán go héasca. Fásann féinmhuinín in obair bheirte agus go minic tagann plé ar bhonn níos leithne aisti i ngrúpaí níos mó nó ar bhonn ranga. Is fiú na mic léinn a spreagadh tuairimí a nochtadh agus na tuairimí sin a chosaint.

## Am Lánroghnach

Beidh am lánroghnach ar an gClár Ama ag gach Coláiste Gaeltachta freastal a dhéanamh ar na riachtanais ar leith a bheidh ag na mac léinn sna ranganna nó chun béim a chur ar nithe ar leith a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo, dar leis an gColáiste Gaeltachta. Caithfear, áfach, éagsúlacht a bheith i Seisiúin na Maidine. Caithfear deiseanna a sholáthar do na mic léinn páirt a ghlacadh i réimse leathan de ghníomhaíochtaí cumarsáideacha ina mbeidh tús áite ag an labhairt agus ag an ngramadach ach ina mbeidh áit ag an tuiscint (cluastuiscint agus léamhthuiscint), an léitheoireacht (os ard) agus an scríbhneoireacht. Caithfidh na gníomhaíochtaí sin a bheith taitneamhach chomh maith le bheith fiúntach. Caithfidh siad dearcadh dearfach i leith na Gaeilge a chothú i measc na mac léinn ionas go mbeidh fonn ar na mic léinn Gaeilge a úsáid lasmuigh agus laistigh de na ranganna agus a scileanna teanga agus a scileanna foghlama teanga a fhorbairt.

## Cumarsáid leis na Mic Léinn

Leagann na Siollabais béim ar an tábhacht a bhaineann le cumarsáid leis na mic léinn sna hInstitiúidí Oideachais sula dtéann na mic léinn go dtí an Ghaeltacht agus sna Coláistí

Gaeltachta féin ag tús gach Tréimhse Foghlama. Sa chumarsáid sin, ba chóir díriú ar na nithe seo a leanas:

- Réasúnaíocht na dTréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht – cur le cumas ginearálta na mac léinn sa Ghaeilge trína lonnú i gceantar Gaeltachta ina mbeidh an Ghaeilge thart timpeall orthu an t-am ar fad agus ina mbeidh deiseanna acu Gaeilge a labhairt an t-am ar fad, cur leis an gcumas sa Ghaeilge a bheidh ag teastáil ó na mic léinn mar mhúinteoirí, cur lena gcumas Gaeilge a mhúineadh agus cur lena gcumas ábhair eile a mhúineadh trí mheán na Gaeilge
- Tús áite sna Siollabais do na Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht ag riachtanais na mac léinn mar mhic léinn oideachais ach nach siollabais fheidhmeacha iad amach is amach
- Tairbhe, Luach agus Taitneamh – gurb é an bealach is fearr tairbhe a bhaint as na Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht, taitneamh a bhaint astu agus luach na dtáillí a fháil ná cinneadh a dhéanamh tumadh sa Ghaeilge, Gaeilge a labhairt an t-am ar fad agus a bheith rannpháirteach an oiread agus is féidir sna seisiúin fhoirmiúla
- Nósmhaireachtaí a bhaineann leis na Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht, ionchais a bhaineann le tinreamh, poncúlacht agus rannpháirtíocht
- Fillteán Foghlama na Gaeltachta – mar leabhrán nótaí, mar dhoiciméad oibre, an áit a ndéantar an obair ar fad a bhaineann leis na tascanna
- Eolas faoi na tascanna
- An ceangal idir na Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht agus measúnú sna hInstitiúidí Oideachais, an chumarsáid idir na Coláistí Gaeltachta agus na hInstitiúidí Oideachais, tuairiscí ó na Coláistí Gaeltachta chuig na hInstitiúidí Oideachais ar gach mac léinn
- Siollabais na dTréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht – eolas ginearálta fúthu agus an ceangal idir iad agus na cúrsaí sna hInstitiúidí Oideachais

(Maidir le nithe ba chóir a rá le mic léinn sula dtéann siad go dtí an Ghaeltacht agus ag tús gach Tréimhse sa Ghaeltacht, féach freisin, *Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht, Lámhleabhar Ginearálta Do Mhic Léinn, i gcomhairle le CONCOS, Na Coláistí Oideachais, An Chomhairle Mhúinteoireachta, Eagrán 1 – Eanáir 2014*)

# Cuid 1: An Chéad Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht

## 1. Torthaí Foghlama

Tar éis dóibh an Chéad Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht a chríochnú go sásúil, beifear ag súil go mbeidh sé ar chumas na mac léinn:

1. Féinmheastóireacht a dhéanamh ar a gcumas agus ar a ndul chun cinn sa Ghaeilge.
2. Straitéisí éagsúla foghlama teanga a aithint agus a úsáid, ina measc ábhar ar líne.
3. Páirt fheidhmiúil a ghlacadh i ngnáthchomhrá lena chéile, le muintir na Gaeltachta agus le daoine fásta eile.
4. Breis feasachta agus eolais a léiriú maidir le gramadach agus comhréir na Gaeilge agus a bheith níos cruinne nuair a bhíonn Gaeilge á húsáid acu.
5. Córas fuaimeanna na Gaeilge a léiriú ina gcuid cainte agus ina gcuid léitheoireachta.
6. Gnéithe de shaol agus de chultúr comhaimseartha an cheantair a phlé chomh maith le gnéithe a bhaineann le nithe cosúil le logainmneacha, stair na háite, béaloideas, Lá an Phátrúin, scríbhneoirí, laochra áitiúla, nádúr.
7. A bheith níos feidhmiúla sa Ghaeilge i suíomhanna gairmiúla agus pearsanta agus gnéithe dá saol gairmiúil agus pearsanta a phlé sa Ghaeilge.
8. Díospóireacht a dhéanamh.
9. Scríobh go cruthaitheach sa Ghaeilge.
10. Eolas a léiriú ar an teanga a bhíonn riachtanach chun gnéithe de na hAmharcealaíona, den Chorpoideachas, den Cheol agus den Drámaíocht a mhúineadh.
11. Samplaí d'ealaíona béil na Gaeltachta a léiriú agus a phlé.
12. Ceacht Staire a scríobh bunaithe ar stair na hÉireannn nó ar stair áitiúil cheantar an Choláiste Ghaeltachta, a léiríonn fianaise ar thaighde, eolas ar mhodheolaíochtaí agus eolas ar FCÁT.

# A. Seisiúin na Maidine

## 2. Ábhar an tSiollabais

### 2.1 Téamaí agus Éagsúlacht

Cothaíonn éagsúlacht taitneamh. Leis an réimse de théamaí agus de chuir chuige a ainmnítear agus a mhínítear sa Siollabas seo féachtar chuige go gcothaítear spéis, go ndéantar freastal ar straitéisí éagsúla foghlama teanga agus go dtapaítear na deiseanna breise foghlama atá ar fáil i suíomh Gaeltachta. Caithfear na téamaí seo a leanas a chlúdach sa Chéad Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht:

### 2.2 Mé Féin mar Fhoghlaimeoir Teanga

Ag tús an chúrsa Ghaeltachta caithfear cabhrú leis na mic léinn aidhmeanna a leagan síos dóibh féin a bheidh le baint amach acu féin go pearsanta i rith an chúrsa, le cabhair na dteagascóirí sa Choláiste Gaeltachta, le cabhair fhear agus bhean a' tí agus le cabhair a gcomh-mhac léinn ar an gcúrsa. Beidh orthu meastóireacht a dhéanamh ar a gcumas féin sa Ghaeilge agus ar a ndearcadh i leith na teanga. Maidir le tairbhe a bhaint as an tréimhse sa Ghaeltacht cuirfear in iúl dóibh go mbeidh an phríomhfhreagracht orthu féin a gcuid aidhmeanna féin a bhaint amach. Pléifear leo na straitéisí foghlama atá úsáidte acu go dtí an pointe sin ina saol agus na straitéisí breise foghlama a bhíonn ar fáil i suíomh Gaeltachta. Ní mór straitéisí a thabhairt dóibh a chuirfidh ar a gcumas athrá a lorg nuair nach gcloiseann siad rud éigin i gceart ("Ar mhiste leat é sin a rá arís, más é do thoil é?), soiléiriú a lorg nuair nach dtuigeann siad rud éigin go hiomlán ("Céard atá i gceist agat?"), deimhniú a lorg nuair a bhíonn siad éiginnte ("An é atá á rá agat ná …?") agus focal nó bealach chun rud éigin a rá, a lorg nuair a bhíonn deacrachtaí acu iad féin a chur in iúl ("Céard a déarfá?"). Chun lántairbhe a bhaint as an tréimhse sa Ghaeltacht leagfar béim ar a thábhachtaí is atá sé Gaeilge a labhairt lasmuigh de na Seisiúin Fhoirmiúla. Míneofar réasúnaíocht na gcúrsaí Gaeltachta do mhic léinn oideachais dóibh. Cabhrófar leo na cinntí atá le déanamh a aithint má tá siad chun a gcuid aidhmeanna a bhaint amach. Tá sé tábhachtach dóthain ama a thabhairt dó seo ag tús an chúrsa ionas go bhfaighidh siad deis a n-aird a dhíriú air i gceart. Iarrfar ar gach mac léinn ceisteanna ar an ábhar sin a fhreagairt i scríbhinn ina bhFillteán Foghlama. Ag deireadh na chéad seachtaine caithfear aird na mac léinn a dhíriú ar a n-aidhmeanna tosaigh chun meastóireacht a dhéanamh ar a ndul chun cinn. Beidh sé riachtanach arís do na mic léinn ag

deireadh an chúrsa filleadh ar a n-aidhmeanna tosaigh agus féinmheastóireacht á déanamh acu ar an tairbhe a bhain siad as an gcúrsa.

Faoin Téama seo, díreofar ar:

- an inniúlacht sa Ghaeilge a bheidh riachtanach sa scoil agus iad ina ngairm - ag múineadh Gaeilge agus ag múineadh ábhar eile trí mheán na Gaeilge
- Téamaí Churaclam na Gaeilge (Mé Féin, Sa Bhaile, An Scoil, Bia, An Teilifís, Siopadóireacht, Caitheamh Aimsire na bPáistí, Éadaí, An Aimsir, Ócáidí Speisialta) agus an foclóir a ghabhann leo
- Socrúchán Scoile nuair a bheidh siad ag idirghníomhú le daoine fásta eile i bpobal na scoile (múinteoirí eile, príomhoide, teagascóirí agus araile)
- Caitheamh Aimsire na mac léinn féin (ceol, faisean, spórt, mo shaol ar líne agus araile).

## 2.3 Gaeilge na Gaeltachta

Soláthraíonn an tréimhse sa Ghaeltacht deis iontach do na mic léinn díriú ar chúrsaí foghraíochta agus iad ag idirghníomhú le cainteoirí dúchais. Sna Seisiúin Fhoirmiúla ní mór aird a tharraingt go rialta ar cheartfhuaimeanna na Gaeilge agus ar ghnéithe den chanúint áitiúil trí chleachtaí cainte agus léitheoireachta a leagann béim ar chúrsaí foghraíochta. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as an litríocht do pháistí, nó as acmhainní eile bunscoile mar chleachtadh léitheoireachta os ard, nó as scéalta nó scripteanna gearra a chumfadh na mic léinn iad féin nó as gníomhaíochtaí eile a éilíonn aithris a dhéanamh ar cheartfhuaimeanna na Gaeilge.

Iarrtar tarraingt ar roinnt de na míreanna seo a leanas ón *Siollabas Nua don Chéad Bhliain Ollscoile* mar bhonn do chleachtaí agus do thascanna teanga:

- Canúintí na Gaeilge (mír físe)
- Foghlaimeoirí ag dul chun na Gaeltachta (mír físe)
- Gaeilgeoirí (mír físe)
- Gaeilge sa Ghaeltacht (mír éisteachta)
- Cúrsa Gaeltachta (mír éisteachta)

Moltar díriú go háirithe ar na fuaimeanna sin sa Ghaeilge a mbíonn deacrachtaí ar leith ag foghlaimeoirí leo: consain leathana v consain chaola: [t] tuí v [t'] tí; [x] a Chonaill v [x'] a Chiara,

mar shampla. Is fearr go minic tabhairt faoi chúrsaí foghraíochta le cur chuige comhtháthaithe ina mbíonn rud éigin eile freisin ar siúl ag an am céanna, mar shampla, staidéar ar phíosa litríochta ón gceantar nó earraíocht á baint as ealaíona béil na Gaeltachta – amhráin, rannta, lúibíní agus araile. D'fhéadfaí iarraidh ar na mic léinn a gcuid cainte a thaifeadadh agus a n-aird a dhíriú ar fhuaimeanna ar leith. Caithfear aird na mac léinn a dhíriú freisin ar fhoclóir ar leith agus ar leaganacha cainte ar leith a bhaineann leis an gcanúint áitiúil, iad a spreagadh an foclóir agus na leaganacha cainte sin a bhreacadh síos ina bhFillteán Foghlama agus a úsáid ina gcuid cainte.

## 2.4 An Ghaeilge ar líne

Moltar aird na mac léinn a tharraingt ar na hacmhainní ar líne - acmhainní don fhoghlaimeoir fásta agus acmhainní a bhíonn úsáideach nuair a bhíonn Gaeilge a múineadh sa bhunscoil. Seo samplaí den chineál oibre a d'fhéadfadh a bheith i gceist:

Téigh go dtí suíomh na hirise ar líne, www.beo.ie, agus féach ar chartlann an ábhair faoin teideal "An Ghaeilge i gCéin". Feicfidh tú ansin próifíl daoine éagsúla a shealbhaigh an Ghaeilge cé nach raibh siad ina gcónaí in Éirinn nó nár Éireannaigh iad. Roghnaigh beirt de na foghlaimeoirí Gaeilge sin (duine ón Eoraip agus duine ó cheann de na mórchríocha eile) agus scríobh cuntas gairid ar: na cúiseanna ar thug siad faoin nGaeilge a fhoghlaim; na straitéisí foghlama a bhí acu; agus na hacmhainní foghlama a d'úsáid siad.

Roghnaigh trí cinn de na téamaí atá déanta agat i do chúrsa oideachais go dtí seo. Téigh go dtí an suíomh idirlín www.focal.ie agus lorg na téarmaí a bhaineann leis na téamaí sin. An féidir leat na téarmaí sin a chur in abairtí nó a mhíniú trí mheán na Gaeilge?

Is fiú aird ar leith a dhíriú ar na suíomhanna Gaeltachta agus ar shuíomhanna a bhaineann le meáin chumarsáide na Gaeilge. Seo gearrliosta suíomhanna a bhféadfaí obair aonair nó obair ghrúpa a bhunú orthu:

www.ainm.ie

http://www.logainm.ie

http://www.lurgan.biz/art/index.htm

www.tg4.ie ("Foghlaim", "Ceachtanna", "Dánta", "Gearrscannáin")

www.rte.ie/rnag/

http://garraijohnnymhorgan.blogspot.com

www.coislife.ie

www.clubleabhar.com

http://scribhneoirioga.blogspot.com/

www.antoireachtas.ie/

Tá liosta níos faide le fáil ar an suíomh www.teagascnagaeilge.ie.

www.teanglann.ie (Ó Dónaill, foclóir, gramadach, áiseanna foghraíochta)

www.focloir.ie (foclóir, gramadach, áiseanna foghraíochta)

An Foclóir Beag http://193.1.97.44/focloir/ (gramadach, go háirithe briathra)

http://www.peig.ie/ (Imeachtaí Gaeilge agus Gaelacha)

http://ifiplayer.ie/category/irish-language/ (Gearrscannáin agus cláir faisnéise)

Tá na físeáin a bhaineann le Gaeilge 365 ar fheabhas! Tá siad ar fáil ar Youtube, mar sampla, https://www.youtube.com/watch?v=TCbN8Lre_wc&list=PL1TAJIG61nuBUKUHz6gbNKw0uoAMgJO1k

Is foinsí tábhachtacha iad na suíomhanna seo a leanas do mhúineadh na Gaeilge sa bhunscoil:

www.cogg.ie

http://www.anmuinteoir.ie/amhrain-danta/

http://www.gaelscoileanna.ie/en/acmhainni-naionrai/

http://www.cogg.ie/wp-content/uploads/Eolaire-Aiseanna-Teagaisc-2013-Bunscoil.pdf

https://www.logainm.ie/Scoil/pdf/logainm.ie-scoil1-00.pdf

http://www.seomraranga.com/category/curriculum/gaeilge/danta-gaeilge/

https://breac.nd.edu/articles/dramaiocht-na-gaeilge-sa-seomra-ranga-bunscoile-modh-ealaine-no-modheolaiocht/

www.seomraranga.com/gaeilge.htm

http://www.seomraranga.com/2012/09/rannta-agus-amhrain-as-gaeilge/

www.futafata.co.

https://www.education.ie/ga/Foilseach%C3%A1in/Tuairisc%C3%AD-Cigireachta-Foilseach%C3%A1in/Tuarasc%C3%A1lacha-Treoirl%C3%ADnte-Meast%C3%B3ireachta/insp_irish_primary_school_08_ir_pdf.pdf

*Beidh ríomhairí glúine ag cuid mhaith de na mic léinn, ach níor mhór a chinntiú go mbeidh soláthar éigin ríomhairí ar fáil do mhic léinn fad is atá siad ag freastal ar an gcúrsa.

## 2.5 An Ceantar agus Scríbhneoirí Áitiúla

Déanfaidh gach mac léinn rogha dul chuig Gaeltacht ar leith agus chuig Coláiste Gaeltachta i gceantar ar leith. Beidh impleachtaí ag baint leis an rogha sin. Tá na Gaeltachtaí go léir difriúil óna chéile mar atá na ceantair in aon Ghaeltacht ar leith. Cé nach bhfuil an téama "An Ceantar" feidhmeach do ghairm na múinteoireachta, caithfear dhá sheisiún ar a laghad i rith na Tréimhse a chaitheamh ar an téama sin, ceann amháin go luath sa chéad seachtain agus ceann eile sa dara seachtain. Cuireann an téama seo deis ar fáil do gach Coláiste Gaeltachta teacht i dtír ar na féidearthachtaí uathúla a sholáthraíonn sé a bhaineann le scríbhneoirí áitiúla, logainmneacha, an tírdhreach, stair na háite, flóra agus fána (plandaí an talaimh, éin an aeir, dúile an chladaigh, éisc na farraige – féach *Ábhar Tacaíochta do na Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht do Mhic Léinn Oideachais* – Grúpa Oibre na gColáistí Oideachais, 2014), seirbhísí, cúrsaí fostaíochta, saol sóisialta, daoine óga, scríbhneoirí, laochra áitiúla, Lá an Phátrúin, béaloideas, an Ghaeilge, an chanúint agus araile. Cuireann "An Ceantar" blas áitiúil ar an gcúrsa. Faoin Téama seo, is féidir roghnú as:

- scríbhneoirí ón áit – scríbhneoirí próis agus filí, a saothar a bhlaiseadh, beatha na scríbhneoirí sin a fhiosrú ar shuíomhanna idirlín cosúil le www.ainm.ie
- logainmneacha - logainmneacha an cheantair go háirithe, tagairt don tírdhreach/d'eachtra stairiúil éigin/do thábhacht ar leith a bhain leis an áit san am atá caite/do dhuine a raibh cónaí air nó uirthi san áit, tús-phointe chun staidéar a dhéanamh ar thíreolaíocht agus ar stair an cheantair agus ullmhú á dhéanamh do thurais chuig áiteanna stairiúla, ní léachtaí ach deiseanna bríonna logainmneacha a fhiosrú (trí úsáid a bhaint as foinsí éagsúla, mar shampla, muintir an tí, foclóirí, leabhair agus suíomhanna idirlín cosúil le www.logainm.ie) agus an méid a fhoghlaimíonn siad a insint dá chéile, na mic léinn gníomhach ina bhfoghlaim féin, cumarsáid ar siúl, saibhreas teanga logainmneacha agus léiriú ar phointe éigin gramadaí, léarscáil den cheantar a tharraingt, leaganacha Béarla na logainmneacha sin agus plé ar oiriúnacht nó easpa oiriúnachta na leaganacha sin, logainmneacha sa bhaile agus logainmneacha i gcoitinne timpeall na tíre
- an córas oideachais – naíonraí, bunscoileanna, meánscoileanna, comhthéacs na teanga
- an córas taistil – bóithre, líne iarnróid, eitleán, aerstráice
- cúrsaí teicneolaíochta - rochtain ar leathanbhanda, comhlachtaí

- seirbhísí eile – uisce, leictreachas, bruscar, dochtúir, banaltra, ionad sláinte, ospidéal, Cúram Lae, áras seanóirí, ospís, éigeandálaí, bád tarrthála, héileacaptar
- acmhainní nádúrtha – an talamh, an fharraige, an portach, ola agus gás, radharcra
- flóra agus fána (plandaí an talaimh, éin an aeir, dúile an chladaigh, éisc na farraige – féach *Ábhar Tacaíochta do na Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht do Mhic Léinn Oideachais* – Grúpa Oibre na gColáistí Oideachais, 2014)
- cúrsaí fostaíochta, slite maireachtála agus imirce – feirmeoireacht, tionscal na hiascaireachta, monarchana, cúrsaí turasóireachta, na meáin agus comhlachtaí léirithe, ag obair as baile, ag taisteal go dtí an baile mór, Coláistí Gaeltachta, deiseanna eile fostaíochta, muintir na Gaeltachta i gcéin
- saol sóisialta na ndaoine – an teach tábhairne; caitheamh aimsire – fir, mná clanna, daoine óga, an baile mór
- daoine óga – caitheamh aimsire, a dtriall
- laochra móra áitiúla – ainmneacha agus gaisce
- Lá an Phátrúin – dáta, eolas ar an naomh, nósanna na ndaoine
- An saol ag athrú – daonra, Gaeilge

Maidir le scríbhneoirí próis agus filí ón gceantar, caithfear gearrshaothar próis (úrscéal gearr nó caibidil / caibidlí as úrscéal níos faide nó gearrscéal) agus dhá cheann / trí cinn de dhánta a roghnú (cinn nach bhfuil staidéar déanta ag na mic léinn orthu cheana féin), ranganna a thabhairt orthu agus na mic léinn a spreagadh iad a léamh ina gcuid ama féin. Na gnéithe sin den téama “An Ceantar” a bhaineann leis an ábhar bunscoile O.S.I.E. (Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta i.e. Stair, Tíreolaíocht agus Eolaíocht), tá tábhacht ar leith ag baint leo mar gheall go mbeidh na mic léinn ag múineadh ábhair uile an Churaclaim Bhunscoile trí mheán na Gaeilge agus mar gheall ar FCÁT (Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha).

## 2.6 An Ghné Chruthaitheach

Caithfear oscailt a thabhairt d’fhéith na cruthaitheachta sna mic léinn. Bealach amháin chun é sin a dhéanamh ná iad a spreagadh dánta a scríobh. Mar shampla:

- Acrastaicí (roghnaítear focal agus scríobhtar dán a bhfuil an líon céanna línte ann agus atá litreacha san fhocal, agus in ord, tosaíonn gach líne le litir ón bhfocal),
- Dánta Aibítre (roghnaítear topaic agus scríobhtar dán ar an topaic sin ina dtosaíonn gach líne le litreacha na haibítre, in ord)

- Haiku (dán nach mbíonn ann de ghnáth ach trí líne, sa chéad líne bíonn cúig shiolla, sa dara líne bíonn seacht siolla agus sa tríú líne bíonn naoi siolla)
- Cinquain (dán cúig líne ina bhfuil íomhánna glinne a chuireann mothúcháin in iúl)
- Luimnigh (dán ina bhfuil cúig líne; i línte 1, 2 agus 5 bíonn ocht siolla; i línte 3 agus 4 bíonn sé shiolla; bíonn rím idir an focal deireanach i línte 1, 2 agus 5; bíonn rím idir an focal deireanach i línte 3 agus 4).

Moltar dánta samplacha ó na seánraí sin a léamh leis na mic léinn ar dtús agus a n-aird a dhíriú ar na foirmlí a bhíonn i gceist. D'fhéadfaí na mic léinn a spreagadh tabhairt faoi na seánraí seo chomh maith:

- saothair ghearra phróis
- scripteanna gearra do sceitsí a léireofaí i Seisiún Oíche
- amhráin a aistriú go Gaeilge.

## 2.7 Tasc 1: Díospóireacht

Is í aidhm Thasc 1 ná deis a sholáthar do gach mac léinn páirt a ghlacadh i ndíospóireacht mar bhall d'fhoireann. I ngach rang ar an gcúrsa Gaeltachta:

- beidh ceithre nó cúig dhíospóireacht ann, ag brath ar líon na mac léinn i ngach rang
- beidh rún difriúil ann do gach díospóireacht
- beidh cathaoirleach (mac léinn amháin) agus dhá fhoireann (triúr ar gach foireann) ann do gach díospóireacht, foireann amháin ar son an rúin agus an fhoireann eile ina choinne
- beidh ar gach cainteoir labhairt ar feadh trí nóiméad
- tar éis do na cainteoirí go léir labhairt beidh deis ag an lucht éisteachta ceisteanna a chur nó tuairimí a thabhairt agus feidhmeoidh na foirne mar phainéal.

I Seachtain 1 agus ullmhúchán á dhéanamh don díospóireacht beidh na nithe seo a leanas le déanamh:

- ábhair chonspóideacha a roghnú
- an rang a bhriseadh suas i ngrúpaí de sheisear agus ábhar conspóideach amháin a thabhairt do gach seisear

- taighde - idirlíon, nuachtáin, leabhair, raidió, teilifís, agallaimh (le daoine ón gceantar, ó eagraíochtaí, ó sheirbhísí)
- teacht ar rún
- foirne a cheapadh ó gach seisear
- pointí a aimsiú, comhordú a dhéanamh ar argóintí gach foirne agus feoil a chur orthu.

I Seachtain 2 beidh ar gach cainteoir:

- an cur i láthair a chleachtadh
- an cur i láthair a dhéanamh ag an díospóireacht agus a bheith mar bhál de phainéal díospóireachta

Ba chóir a mholadh do na mic léinn gan a bheith ag brath go rómhór ar aon téacs a bheidh ullmhaithe acu agus an oiread saorchainte agus is féidir a bheith acu ina gcur i láthair.

Feidhmeoidh an teagascóir mar éascaitheoir ag cabhrú leis na mic léinn pointí a aimsiú, a gcuid smaointe a chur i bhfriotal, scileanna áitimh agus argóna a fhorbairt, agus a bheith chomh cruinn agus is féidir.

Seo a leanas samplaí de rúin:

**Cúrsaí Oideachais:**

"Tá an iomarca ábhar i gCuraclam na Bunscoile agus ní féidir aon rud a mhúineadh i gceart."

"Ba chóir an Stair a choinneáil mar ábhar don Teastas Sóisearach agus don Ardteistiméireacht."

"Ba chóir scoileanna beaga dhá oide a chomhnascadh."

"Caithfear seirbhísí tacaíochta do scoileanna Gaeltachta a chur ar fáil trí Ghaeilge."

"Ní féidir leis an gcóras oideachais amháin a Ghaeilge sa Ghaeltacht a shlánú."

**Cúrsaí Gaeilge:**

"Ba chóir múineadh na Gaeilge i mbunscoileanna a fhágáil faoi speisialtóirí mar a dhéantar ag an dara leibhéal."

"Ar imeall na Gaeltachta ba chóir scoileanna Gaeltachta a nascadh le scoileanna lán-Ghaeilge."

**Cúrsaí Gaeltachta:**

"Dhéanfadh feirm éisc sa cheantar seo níos mó sochair ná dochair."

"Níor chóir go mbeadh sé chomh deacair sin cead pleanála a fháil i gceantar Gaeltachta."

"Ba chóir go mbeadh comharthaí bóthair sa Ghaeltacht dátheangach."

"Ba chóir an ola amach ónár gcósta a fhágáil san áit a bhfuil sí."
"Ní oireann muilte gaoithe don cheantar seo."
"Céard is gá a dhéanamh chun níos mó turasóirí a mhealladh chuig an áit seo?"

## 2.8 Gramadach

Caithfear ranganna foirmiúla gramadaí a mhúineadh chomh maith. Moltar an tríú cuid de Sheisiúin na Maidine a chaitheamh ar ghramadach fhoirmiúil, i.e. seisiún amháin as gach trí cinn in aghaidh an lae. Is iad seo a leanas aidhmeanna na ranganna gramadaí:

- cur le cruinneas gramadaí na mac léinn go háirithe i gcomhthéacs na riachtanas a bheidh acu mar mhúinteoirí
- feasacht ghramadaí a chothú
- luach ar chruinneas a chothú i measc na mac léinn, luach ar chúram agus luach ar an tábhacht a bhaineann le stró ar mhaithe leis an gcruinneas
- na mic léinn a threorú chuig suíomhanna idirlín agus leabhair ghramadaí a chabhróidh leis na mic léinn cabhrú leo féin, scileanna a mhúineadh do na mic léinn a chabhróidh leo foclóirí agus áiseanna foghlama eile a úsáid, agus foghlaim neamhspleách a chur chun cinn
- cabhrú leis na mic léinn gramadach a mhúineadh

Níl na Siollabais seo saintreorach maidir leis na gnéithe den ghramadach ba chóir a chlúdach sna Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht. Rialóidh riachtanais na mac léinn céard a chlúdófar ó thaobh na gramadaí de.

Ó thaobh na riachtanas gramadaí a bheidh ag na mic léinn mar mhúinteoirí ag múineadh Gaeilge, is minic nach eol do na mic léinn sin na riachtanais sin go dtí go mbíonn siad ag múineadh. Is féidir sna ranganna sa Ghaeltacht cabhrú leis na mic léinn, mar shampla, scéal nó póstaer a phlé le páistí. Is fiú an suíomh sin a chruthú sa seomra ranga sa Choláiste Gaeltachta agus iarraidh ar na mic léinn póstaer nó scéal a phlé lena chéile i ngrúpaí. Sa suíomh sin aithneoidh na mic léinn go mbeidh cineálacha éagsúla ceiste ag teastáil uathu (Cé? Céard? Cá? Cathain? Cén t-am? Cén uair? Conas? Cén chaoi? Cén fáth? An? Ar? agus araile) agus i gcomhthéacs na gceisteanna sin tá sé tábhachtach go dtuigeann na mic léinn cathain a úsáideann an múinteoir an fhoirm spleách agus cathain a úsáideann an múinteoir an fhoirm

neamhspleách. Riachtanas gramadaí eile a bheidh ag na mic léinn mar mhúinteoirí ná rialacha a bhaineann leis an réamhfhocal agus an alt (ar an; ar na; sa agus araile), rialacha a bhaineann leis an bhforainm réamhfhoclach ("Tá eagla orm roimhe" agus araile.) agus araile. Smaoinítear freisin ar an gcruinneas a bheidh ag teastáil ó na mic léinn mar mhúinteoirí ag iad ag úsáid na Gaeilge go neamhfhoirmiúil sa scoil. Mar theanga bhainisteoireachta ranga, go laethúil beidh siad ag baint úsáide as an Tuiseal Gairmeach ("Anois, a pháistí!", "Taispeáin dom do chóipleabhar, a Sheáin" "Céard atá ort, a Shiobhán?" "Togha fir, a Eoghain!" agus araile), as an Modh Ordaitheach ("Bain díot do chóta", "Tagaigí isteach, a pháistí", "Ná habair rud ar bith mar sin le páiste eile" agus araile), as an Tuiseal Ginideach Iolra ("peil na gcailíní", "peil na mbuachaillí" agus araile) as an Modh Foshuiteach Láithreach ("Go sábhála Dia sinn!" "Go méadaí Dia do stór!" "Go gcumhdaí Dia thú!" "Nár lagaí Dia thú!") agus araile.

Maidir le feasacht ghramadaí a chothú, tapóidh an múinteoir sa Choláiste Gaeltachta gach deis chun géarchúis ghramadaí a chothú, chun na mic léinn a spreagadh féachaint ar an bhfocal scríofa agus éisteacht leis an bhfocal labhartha le fiosracht ó thaobh na gramadaí de, chun deimhniú a fháil an bhfuil rud éigin a dúirt duine éigin nó a scríobh duine éigin in áit éigin, cruinn nó míchruinn ("A Stór is a Stóirín!" "Púca sa Teach" "Oileán na nDraoithe" "Cumann na mBunscol"). Eascraíonn na deiseanna is fearr chun feasacht ghramadaí a chothú go teagmhasach, mar shampla, nuair a dhéantar tagairt do theideal leabhair, do logainm, d'ainm tí agus araile.

Léirítear seachas múintear an luach a bhaineann le cruinneas trí iompar eiseamláireach an mhúinteora sa Choláiste Gaeltachta, tríd an gcúram a léiríonn  an múinteoir os comhair na mac léinn, mar shampla, inscne focail nó pointe éigin eile gramadaí a sheiceáil trí dhul ar líne nó trí fhéachaint i leabhar gramadaí nó i bhfoclóir.

Taispeánfaidh an múinteoir do na mic léinn na suíomhanna idirlín agus na hacmhainní ar líne ar fad atá ann ar féidir leo úsáid a bhaint astu chun cabhair a fháil ó thaobh na gramadaí agus an litrithe de. Sa chomhthéacs sin, tá sé riachtanach cur leis na scileanna atá ag na mic léinn úsáid a bhaint as áiseanna cosúil le *Foclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill* ionas go dtuigfidh siad, mar shampla, an bhrí atá le nodanna cosúil le *"m.", "f.", "npl.", "gs.", "gpl.", "vn.", "pp.", "Var"* agus araile, agus leis an tsiombail "~".

Maidir le múineadh na gramadaí sa bhunscoil, ó am go chéile, bíonn ceisteanna ag na mic léinn faoin am ba chóir gnéithe ar leith den ghramadach a mhúineadh do pháistí bunscoile sna ranganna éagsúla. Leis an mbéim atá ar chur chuige cumarsáideach in *Curaclam na Gaeilge*, ba chóir a chur in iúl do na mic léinn gur ar "úsáid chruinn na Gaeilge" a chuirtear béim sa bhunscoil seachas ar "eolas ar ghramadach". Chun deis a thabhairt do na mic léinn pointe éigin gramadaí a mhúineadh, d'fhéadfaí iarraidh ar na mic léinn ligean orthu gur múinteoirí iad agus gramadach a mhúineadh dá chéile i ngrúpaí i gcomhthéacs suímh chumarsáide faoi scáth Téama agus Topaice ón gCuraclam le béim ar úsáid chruinn chumarsáideach seachas ar eolas ar ghramadach. Mar shampla, Téama: An Scoil; Topaic: Mo Mhála Scoile; pointe gramadaí: Bunuimhreacha; "Céard atá agat i do mhála scoile?" "Níl agam ach **aon bh**osca lóin amháin. Tá **trí phe**ann luaidhe agam, sé leabhar agus **seacht gc**óipleabhar." Nó, mar shampla, i gceacht Staire agus plé á dhéanamh ar Phádraig Mac Piarais; cuspóir teanga – an Aimsir Chaite den Chopail le consan; "Cérbh é Pádraig Mac Piarais?" "**Ba mh**úinteoir / **ph**ríomhoide / **sh**aighdiúir / scríbhneoir é." "Níor **dh**ochtúir / **sh**iopadóir / **th**iománaí tram é."

Le linn na dTréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht is minic nach mbainfidh riachtanais na mac léinn leis na riachtanais a bheidh acu mar mhúinteoirí ach leis na riachtanais a bhaineann leis na scrúduithe a bheidh le déanamh acu sa Ghaeilge nuair a fhillfidh siad ar an Institiúid Oideachais. Ag teacht leis an ráiteas ag tús na Siollabas seo go dtugann na Siollabais tús áite do riachtanais na mac léinn, ar mhaithe le spéis sna ranganna gramadaí agus úinéireacht orthu sna Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht a chothú agus ag aithint go mbeidh na mic léinn níos spreagtha sna ranganna gramadaí má chlúdaítear gnéithe den ghramadach a roghnaíonn siadsan, is fiú a fháil amach ag tús gach Tréimhse céard iad go baileach riachtanais na mac léinn. Más iad na scrúduithe gramadaí a bheidh le déanamh acu nuair a fhillfidh siad ar an Institiúid Oideachais an chloch is mó ar a bpaidrín, ba chóir freastal ar na mic léinn agus an clár gramadaí a chlúdófar i rith na Tréimhse a aontú leo. Má tharlaíonn sé go mbíonn mic léinn ó Institiúidí Oideachais éagsúla sa rang céanna sa Ghaeltacht agus nach ionann go baileach na riachtanais atá acu go léir, ba chóir fós go mbeadh an rang in ann teacht ar aon fhocal maidir leis na gnéithe den ghramadach a chlúdófar. Má aontaítear clár gramadaí agus má tharlaíonn sé go bhfuil gné(ithe) den chlár sin ar eolas cheana féin ag mac léinn éigin, ba chóir breathnú

ar an ngné / na gnéithe sin den chlár mar dhaingniú ar a bhfuil foghlamtha cheana ag an mac léinn sin.

Déanfar an ghramadach i gcónaí i gcomhthéacs. Mar shampla, ar bhonn an-simplí, má bhíonn ar na mic léinn cuntas a thabhairt ar na rudaí go léir a rinne siad inné sa Ghaeltacht nó a dhéanann siad gach Satharn i rith na bliana nó a dhéanfaidh siad nuair a rachaidh siad abhaile nó a dhéanfaidís dá mbeadh an aimsir go maith, bíonn cúis ann chun an Aimsir nó an Modh atá i gceist a mhúineadh. Comhthéacs an-mhaith don Mhodh Ordaitheach is ea nuair a bhíonn na mic léinn á n-eagrú féin le haghaidh cluichí nó damhsaí nó nuair a bhíonn siad ag gríosadh a chéile nó nuair a bhítear ag díriú ar an teanga a bhaineann le bainisteoireacht ranga.

Is fiú ó am go chéile aird na mac léinn a dhíriú ar roinnt de na botúin ghramadaí is coitianta a dhéanann páistí i scoileanna san earnáil Lán-Ghaeilge, mar shampla, "An bhfuil cead agam faigh leabhar?" (mícheart) – "An bhfuil cead agam leabhar a fháil?" (ceart). "Ní féidir liom oscail an buidéal." (mícheart) – "Ní féidir liom an buidéal a oscailt." (ceart). Is fiú a phlé leis na mic léinn go n-eascraíonn an botún áirithe sin as ró-úsáid a bhaint as an Modh Ordaitheach. Ba chóir a mholadh do na mic léinn úsáid a bhaint as múnlaí difriúla agus iad ag idirghníomhú leis na paistí. In ionad, mar shampla, "Cuir isteach do bhosca lóin, más é do thoil é" a rá i gcónaí, "Ar mhiste leat do bhosca lóin a chur isteach, más e do thoil é" a rá ina áit.

Ó thaobh mhúineadh na gramadaí de, níl aon chur chuige ar leith á mholadh. Is féidir úsáid a bhaint as an gcur chuige déaduchtach (an cur chuige traidisiúnta) nó as an gcur chuige ionduchtach. Sa chur chuige déaduchtach, tá an múinteoir lárnach. Tugann an múinteoir na rialacha do na foghlaimeoirí ar dtús, ina dhiaidh sin tugann an múinteoir samplaí a léiríonn na rialacha agus ansin iarrann an múinteoir ar na foghlaimeoirí cleachtaí a dhéanamh ina gcuireann na foghlaimeoirí na rialacha i bhfeidhm. A mhalairt de chur chuige atá sa chur chuige ionduchtach. Sa chur chuige ionduchtach tá an foghlaimeoir lárnach agus níos gníomhaí san fhoghlaim a tharlaíonn. In ionad tosú leis na rialacha, tosaíonn an cur chuige ionduchtach leis na samplaí ón múinteoir, spreagtar na foghlaimeoirí patrúin a thabhairt faoi deara trí anailís a dhéanamh ar na samplaí agus tagann na foghlaimeoirí ar na rialacha iad féin. Sa chur chuige ionduchtach, ní hamháin go mbíonn na foghlaimeoirí níos gníomhaí ina bhfoghlaim féin ach bíonn deiseanna acu comhoibriú lena chéile i mbeirteanna nó i ngrúpaí, patrúin a phlé agus teacht ar rialacha. Ó thaobh cúrsaí ama de, ní thógann cur chuige

déaduchtach chomh fada le cur chuige ionduchtach. Le cur chuige ionduchtach, is féidir a áiteamh go mbíonn tuiscint níos fearr ag foghlaimeoirí ar na rialacha gramadaí a fhoghlaimíonn siad mar gheall ar an ról lárnach a bhíonn acu féin san fhoghlaim. (Chun níos mó eolais a fháil ar an gcur chuige ionduchtach, féach Ní Dhiorbháin, Aisling, (2014). *Bain Súp As!* Baile Átha Cliath: COGG)

Leis an tús áite atá á bhronnadh ar riachtanais na mac léinn, tuigtear nach bhfuil na Siollabais seo saintreorach maidir leis na gnéithe den ghramadach ba chóir a chlúdach sna Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht.

Sna Seisiúin fhoirmiúla ar fad (maidin, iarnóin agus oíche), is cuma céard a bheidh á chlúdach, beifear ag díriú i gcónaí ar cheartúsáid na teanga. Ó thaobh cheartúsáid na teanga de, beidh na múinteoirí i gcónaí eiseamláireach ina gcuid cainte, ina gcuid scríbhneoireachta agus in aon bhileoga agus nótaí a thugann siad do na mic léinn. Maidir le ceartúsáid na teanga a chothú sa mhac léinn aonair, má bhíonn mac léinn míchruinn ag labhairt, anois agus arís, agus nuair is cuí, úsáidfidh an múinteoir nod chun an mac léinn a spreagadh an rud atá ráite a rá i gceart nó déanfaidh an múinteoir ateilgean ar a bhfuil ráite ag an mac léinn gan a bheith ag súil i gcónaí go gceartóidh an mac léinn é/í féin. Ní bhíonn sé mar aidhm ag an múinteoir sna cásanna sin cur isteach ar shruth cumarsáideach an mhic léinn ná lagmhisneach ná náire a chur ar an mac léinn ach tacaíocht agus cabhair a thabhairt don mhac léinn a bheith níos cruinne i mbun cainte.

**Botúin Choitianta**: Ar bhonn neamhphearsanta caithfear díriú go teagmhasach ar na botúin is coitianta a dhéanann na mic léinn. D'fhéadfadh na mic léinn úsáid a bhaint as leabhair ghramadaí, foghlaim óna chéile agus an méid a fhoghlaimíonn siad a scríobh san Fhillteán Foghlama.

## 2.9 Cláir Ama Shamplacha - Seisiúin na Maidine

Dírítear aird ar na pointí seo a leanas:

- Ba chóir go mbeadh ar a laghad 20 uair an chloig sa tseachtain i Seisiúin na Maidine.
- Beidh Seisiúin na Maidine ann gach lá ón Luan go dtí an Satharn.
- Is faoi gach Coláiste Gaeltachta ar leith a bheidh sé cinneadh a dhéanamh maidir le líon na seisiún a bheidh ann gach maidin agus cá fhad a bheidh gach seisiún.

- Caithfear an croí-ábhar comónta (na Téamaí go léir cé is moite de "An Ceantar") a chlúdach sna seisiúin eile.
- Luaitear "Gramadach" mar theideal ar an tríú cuid de Sheisiúin na Maidine i.e. seisiún amháin as gach trí cinn in aghaidh an lae le béim ar cheartúsáid na Gaeilge sna seisiúin eile.

Is féidir an t-am atá leagtha síos a chomhlíonadh, ar an mbealach seo, mar shampla, ina bhfuil trí sheisiún gach maidin agus maireann gach seisiún uair an chloig agus deich nóiméad:

**Seisiún a hAon**: 9.30 r.n. – 10.40 r.n.

**Sos**: 10.40 r.n. – 11.00 r.n.

**Seisiún a Dó**: 11.00 r.n. – 12.10 i.n.

**Sos**: 12.10 i.n. – 12.20 i.n.

**Seisiún a Trí**: 12.20 i.n. – 1.30 i.n.

**Iomlán**: 3.5 uair an chloig x 6 lá (Luan go Satharn) = 21 uair an chloig

Seo a leanas cláir ama shamplacha do Sheisiúin na Maidine don chéad seachtain agus don dara seachtain den Chéad Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht. Chomh maith le teidil na ranganna, tá sonraí breise curtha isteach le léiriú go bhfuil sé indéanta ábhar iomlán an tSiollabais a chlúdach i dtréimhse coicíse. Beidh ar gach Coláiste Gaeltachta a mhacasamhail de chlár ama a sholáthar agus cinnte a dhéanamh de go n-oireann sé dá riachtanais féin, do riachtanais an tSiollabais agus do riachtanais na mac léinn. Tugtar faoi deara go bhfuil Am Lánroghnach ar fáil do gach Coláiste Gaeltachta chun deis a thabhairt don Choláiste Gaeltachta béim bhreise a chur ar nithe atá tábhachtach, dar leis an gColáiste. Beidh ar gach Coláiste Gaeltachta féachaint chuige go dtugtar an méid céanna ama do gach téama agus a thugtar dóibh sna Cláir Ama Shamplacha thíos. I gcur i bhfeidhm an tSiollabais ó lá go lá, cé nach moltar na mic léinn seo a rangú de réir cumais, caithfear féachaint chuige sna Seisiúin go ndéantar freastal ar na mic léinn is cumasaí agus ar na mic léinn is mó a mbíonn cabhair ag teastáil uathu. Chuige sin, d'fhéadfaí úsáid a bhaint as obair ghrúpa nó ranganna ar leith do na daoine sin a eagrú.

## Seisiúin na Maidine – Seachtain 1

| | Dé Luain | Dé Máirt | Dé Céadaoin | Déardaoin | Dé hAoine | Dé Sathairn |
|---|---|---|---|---|---|---|
| SEISIÚN 1 | **Comhrá**: Cén chaoi ar tháinig tú go dtí an Ghaeltacht? (an A.C.)<br><br>**Mé Féin mar Fhoghlaimeoir Teanga** (aidhmeanna pearsanta, céimeanna le tógáil, straitéisí foghlama, Gaeilge fheidhmiúil don teach, rólimirt) | **Comhrá**: Anocht? (an A.F.)<br><br>**Gaeilge na Gaeltachta** (amhrán áitiúil: foghraíocht, comhthéacs, ceartúsáid) | **Comhrá**: Gach tráthnóna sa Ghaeltacht? (an A.L.)<br><br>**Gramadach** (riachtanais na múinteoireacht a agus riachtanais na mac léinn, acmhainní) | **Comhrá**: Dá mbeadh timpiste agat sa Ghaeltacht? (an M.C.)<br><br>**Tasc 1 Díospóireacht** (Díospóireacht: rún, foirne, pointí, comhordú ar argóintí, obair ghrúpa) | **Comhrá**: ...<br><br>**Mé Féin mar Fhoghlaim-eoir Teanga** (an aimsir sa Ghaeltacht, saoire thar lear, rólimirt) | **Comhrá**: ...<br><br>**Gramadach** (riachtanais na múinteoireach ta agus riachtanais na mac léinn, acmhainní) |
| | **Sos** | **Sos** | **Sos** | **Sos** | **Sos** | **Sos** |
| SEISIÚN 2 | **An Ceantar agus Scríbhneoirí Áitiúla** (scríbhneoir próis áitiúil, file áitiúil, logainmneacha, an tírdhreach, fostaíocht, daoine óga – scoileanna, caitheamh aimsire, saol sóisialta, an chopail, cumarsáid, obair bheirte) | **An Ghaeilge ar Líne** (acmhainní d'fhoghlaim-eoirí fásta, do mhuineadh na Gaeilge, suíomhanna idirlín, daoine ón iasacht a d'fhoghlaim Gaeilge, straitéisí foghlama) | **Tasc 1 Díospóireacht** (Díospóireacht: ábhair chonspóid-eacha, grúpaí taighde) | **Gramadach** (riachtanais na múinteoireacht a agus riachtanais na mac léinn, acmhainní) | **Am Lánroghnach** | **Gaeilge na Gaeltachta** (dán áitiúil: stíl, íomhánna, rím, mothú-cháin, ceart-úsáid, aithris, obair bheirte) |
| | **Sos** | **Sos** | **Sos** | **Sos** | **Sos** | **Sos** |
| SEISIÚN 3 | **Gramadach** (tábhacht, riachtanais na múinteoireachta – póstaer agus ceisteanna, riachtanais na mac léinn – scrúduithe, ábhar na ranganna gramadaí a aontú) | **Gramadach** (riachtanais na múinteoireach ta – scéal agus ceisteanna, riachtanais na mac léinn, acmhainní) | **An Ghné Chruthaitheach** (dánta: acrastaicí, logainmneacha, foclóir, ceartúsáid, íomhánna, obair bheirte) | **Mé Féin mar Fhoghlaim-eoir Teanga** (an teach, muintir an tí, imeachtaí an lae, an briathar san A.L., ceartúsáid, rólimirt) | **Gramadach** (riachtanais na múinteoireach ta agus riachtanais na mac léinn, acmhainní) | **Mé Féin mar Fhoghlaimeoir Teanga** (féinmheastóir eacht, obair bheirte, dul chun cinn, Gaeilge fheidhmiúil d'am saor, rólimirt) |

## Seisiúin na Maidine – Seachtain 2

| | Dé Luain | Dé Máirt | Dé Céadaoin | Déardaoin | Dé hAoine | Dé Sathairn |
|---|---|---|---|---|---|---|
| SEISIÚN 1 | **Comhrá**: Conas a chaith tú an Domhnach?<br><br>**An Ceantar** (scríbhneoir próis áitiúil, file áitiúil, Lá an Phátrúin, daoine cáiliúla, laochra móra áitiúla, flóra agus fána*) | **Comhrá**: ...<br><br>**Gramadach** (riachtanais na múinteoireachta agus riachtanais na mac léinn, acmhainní) | **Comhrá**: ...<br><br>**Gaeilge na Gaeltachta** (scéal áitiúil: dlúthdhiosca, canúint, foclóir, leaganacha ar leith, ceartúsáid ag léamh os ard, obair bheirte) | **Comhrá**: ...<br><br>**Tasc 1 Díospóireacht** (Díospóireacht: cur i láthair, tuairimí ón urlár, cur is cúiteamh, aontú agus easaontú) | **Comhrá**: ...<br><br>**Mé Féin mar Fhoghlaimeoir Teanga** (mo chaitheamh aimsire féin, an chopail agus comhréir cheart, obair bheirte, rólimirt) | **Comhrá**: Cén chaoi a rachaidh tú abhaile?<br><br>**Gramadach** (riachtanais na múinteoireachta agus riachtanais na mac léinn, acmhainní) |
| | **Sos** | **Sos** | **Sos** | **Sos** | **Sos** | **Sos** |
| SEISIÚN 2 | **Gramadach** (riachtanais na múinteoireachta agus riachtanais na mac léinn, acmhainní) | **An Ghaeilge ar Líne** (acmhainní d'fhoghlaimeoirí fásta ar líne, do mhúineadhna Gaeilge, straitéisí foghlama) | **Tasc 1 Díospóireacht** (cur i láthair a scríobh, cleachtadh, obair ghrúpa, ceartúsáid) | **Gramadach** (riachtanais na múinteoireachta agus riachtanais na mac léinn, acmhainní) | **An Ghné Chruthaitheach** (haiku, cinquain, luimnigh, foclóir/ leaganacha ar leith ón gceantar, ceartúsáid, aithris os ard) | **Gaeilge na Gaeltachta** (dán áitiúil: stíl, íomhánna, rím, mothúcháin, ceartúsáid, aithris, obair bheirte) |
| | **Sos** | **Sos** | **Sos** | **Sos** | **Sos** | **Sos** |
| SEISIÚN 3 | **Gaeilge na Gaeltachta** (amhrán áitiúil: foghraíocht, an chanúint áitiúil – focail, leaganacha cainte, comhthéacs, ceartúsáid) | **Am Lánroghnach** | **Gramadach** (riachtanais na múinteoireachta agus riachtanais na mac léinn, acmhainní) | **Mé Féin mar Fhoghlaimeoir Teanga** (Bia sa bhaile agus sa Ghaeltacht, an A.L., an chopail, an téama 'Bia' ó Chur. na Bun., am lóin ar scoil, ceartúsáid, rólimirt) | **Gramadach** (riachtanais na múinteoireachta agus riachtanais na mac léinn, acmhainní) | **Mé Féin mar Fhoghlaim-eoir Teanga** (féinmheas-tóireacht, obair bheirte, dul chun cinn, an Ghaeilge i mo shaol pearsanta, rólimirt) |

*Féach *Ábhar Tacaíochta do na Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht do Mhic Léinn Oideachais* – Grúpa Oibre na gColáistí Oideachais , 2014 (www.concos.ie)

## B. Seisiúin an Tráthnóna

### 3. Ábhar an tSiollabais

Beidh Seisiún an Tráthnóna difriúil ó Sheisiún na Maidine. Díreofar ar Mhúineadh na Gaeilge, ar Mhúineadh na Staire trí mheán na Gaeilge, ar mhúineadh ábhar (na hAmharcealaíona; Corpoideachas – spórt, damhsaí; Ceol; Drámaíocht) trí mheán na Gaeilge agus ar Shiúlóidí Treoraithe/Thurais.

### 3.1 Ábhair Eile (na hAmharcealaíona; Corpoideachas – spórt, damhsaí; Ceol; Drámaíocht)

**Na hAmharcealaíona**

Beidh rang amháin (uair an chloig) ag na mic léinn sna hAmharcealaíona. Rachaidh na mic léinn i mbun saothair ealaíne (cártaí, mar shampla) a dhearadh bunaithe ar mhórócáidí ar fhéilire na bliana (mar shampla, An Nollaig, Lá ’le Pádraig, An Cháisc, Lá ’le Vailintín, Lá Idirnáisiúnta na mBan agus araile) nó ar mhórtharluithe i saol an duine nó i saol an pháiste (mar shampla, lá breithe, pósadh, torthaí scrúduithe, aistriú tí, scrúdú tiomána, tinneas agus araile). Beidh beannachtaí, nathanna, rannta oiriúnacha Gaeilge le haimsiú nó le cumadh le cur ar na saothair ealaíne seo. Beidh ar gach mac léinn, cárta amháin ar a laghad a dhéanamh. Cuirfear na cártaí ar taispeáint agus ag deireadh an chúrsa cuirfear san Fhillteán Foghlama iad.

**Corpoideachas – spórt**

Beidh cúig rang spóirt (cúig huaire an chloig) ag na mic léinn. Gheobhaidh siad deiseanna spóirt éagsúla (lasmuigh agus faoi dhíon) a imirt ar son an taitnimh a thugann siad dóibh. Beidh sé go léir trí mheán na Gaeilge. Sula n-imríonn na mic léinn, tá sé tábhachtach ar feadh tamaillín, an téarmaíocht a bhaineann le trealamh, foireann, ionaid ar an bpáirc agus araile a mhúineadh. Is fiú go mór, freisin, sula n-imríonn siad go n-éisteann siad ar feadh tamaillín le tráchtaireacht spóirt ó Raidió na Gaeltachta nó ó TG4. Caithfear rialacha na gcluichí sin a chur i gcuimhne do na mic léinn trí mheán na Gaeilge agus moltóireacht a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Múinfear gártha molta agus gríosaithe dóibh agus leaganacha cainte a chuirfidh ar a gcumas comhghairdeas agus comhbhrón a dhéanamh lena chéile. Tá fiúntas ar leith ag baint leis na mic léinn féin a bheith páirteach in eagrú agus i reáchtáil na gcluichí. Mic léinn nach

dtaitníonn sé leo spórt a imirt, ba chóir deiseanna a thabhairt dóibh ceol a sheinm, sceitse a chleachtadh agus araile.

**Corpoideachas - rincí**

Beidh dhá rang rincí (dhá uair an chloig) ag na mic léinn. Arís caithfear é a dhéanamh go hiomlán trí mheán na Gaeilge. Tá sé tábhachtach téarmaíocht a bhaineann le damhsaí a mhúineadh do na mic léinn agus iad ag foghlaim na ndamhsaí mar lá éigin d'fhéadfaidís a bheith á múineadh. Moltar na mic léinn a bhfuil damhsaí áirithe céilí nó seit ar eolas acu a chur ag múineadh na ndamhsaí do na mic léinn eile, más féidir. D'fhéadfaí múinteoirí damhsa ar an sean-nós a thabhairt isteach sa rang nó earraíocht a bhaint as an DVD 'Damhsa ar an Sean-nós', nó as na podchraoltaí físe atá ag Gaelchultúr ag www.gaelchultur.com. Is cleachtaí a bheidh sna seisiúin seo do na céilithe a bheidh ar siúl i Seisiúin na hOíche.

**Ceol - amhránaíocht**

Beidh rang amháin amhránaíochta (uair an chloig) ann. Múinfear amhráin Ghaeilge do na mic léinn go háirithe amhráin thraidisiúnta ón gceantar. Is cleachtadh a bheidh sa seisiún seo don amhránaíocht i Seisiúin na hOíche.

**Drámaíocht – sceitsí**

Beidh dhá rang drámaíochta (dhá uair an chloig) ann i dtreo dheireadh an chúrsa. Is fearr, más féidir leis na mic léinn féin, na sceitsí a chumadh agus iad ag obair i gcomhpháirt lena chéile. Is cleachtaí a bheidh iontu do Sheisiúin na hOíche nuair a bheidh ar gach teach sceitse gearr (cúig nóiméad ar a laghad) a chur ar an ardán.

## 3.2 Múineadh na Gaeilge

Cuirfear samplaí (leabhair agus dlúthdhioscaí) de rannta agus d'amhráin dhúchasacha a bhaineann le healaíona béil na Gaeltachta ar fáil do na mic léinn. Tabharfar deiseanna dóibh éisteacht leo, iad a aithris agus a n-oiriúnacht a mheas do ranganna éagsúla i Scoileanna Gaeltachta, i Scoileanna Lán-Ghaeilge agus i Scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar dhara teanga. Samplaí díbh seo is ea: *Rabhlaí Rabhlaí*, *Ící Pící*, *A Stór is a Stóirín*, *Bliain na nAmhrán*, *Gugalaí Gug*, *Peigín Leitir Móir* agus *Ceol na Mara*.

Ba chóir díriú ar na bealaí inar féidir úsáid a bhaint as rainn, gníomhamhráin agus amhráin dhúchasacha sa seomra ranga, ar na modhanna múinte agus na scileanna múinteoireachta a bhíonn i gceist. Mar shampla, sular féidir a bheith ag súil leis go mbeidh na páistí in ann na rannta a aithris nó na hamhráin a chanadh, ba chóir go mbeadh deiseanna acu ar dtús éisteacht leo. Má bhíonn póstaer nó leabhar ina bhfuil pictiúir ag dul leis an rann nó leis an amhrán, is féidir leis an múinteoir aird na bpaistí a dhíriú ar na pictiúir sin le linn dóibh a bheith ag éisteacht leis an rann nó leis an amhrán. Cabhraíonn sé sin leis na páistí an rann nó an t-amhrán a thuiscint le linn dóibh a bheith ag éisteacht leis. Cuirtear le tuiscint na bpáistí freisin nuair a úsáideann an múinteoir geáitsí oiriúnacha le linn don mhúinteoir féin a bheith ag aithris an rainn nó ag canadh an amhráin nó le linn do na paistí a bheith ag éisteacht leo ó dhlúthdhiosca. De réir mar a bheidh na páistí ag dul i dtaithí ar an rann nó ar an amhrán, beidh an múinteoir ag spreagadh na bpáistí an rann a aithris leis an múinteoir nó an t-amhrán a chanadh leis an múinteoir agus aithris a dhéanamh freisin ar gheáitsí an mhúinteora.

Do mhic léinn a bhfuil spéis acu múineadh i scoil Ghaeltachta nó i scoil lán-Ghaeilge, moltar samplaí d'ealaín na n-agallamh beirte agus na lúibíní a úsáid agus na mic léinn a chur ag cumadh, de réir mar a oireann.

## 3.3 Tasc 2: Ceacht Staire a Scríobh (An tAm atá Thart; Stair Áitiúil; Stair na hÉireann)

Beidh ceacht Staire do na meánranganna nó do na ranganna sinsearacha le scríobh ag na mic léinn. Beidh na mic léinn in ann ceann díobh seo a roghnú: "An tAm atá Thart", "Stair Áitiúil an Cheantair Ghaeltachta seo", "Stair na hÉireann". Beidh orthu áis a chruthú a chabhróidh leo an ceacht a mhúineadh. Tá sé tábhachtach go léiríonn an ceacht eolas ar an ngné den Stair atá á roghnú agus fianaise ar thaighde. B'fhéidir go roghnódh mac léinn ceacht a scríobh ar na hathruithe atá tagtha ar shaol na ndaoine sa cheantar, ar ghné éigin den Stair Áitiúil ar chuala an mac léinn fúithi ar dtús san ionchur ar An Ceantar i Seisiúin na Maidine nó ar shiúlóid / thuras i rith an chúrsa nó ar ghné éigin de Stair na hÉireann. Caithfidh na mic léinn úsáid a bhaint as an teimpléad ceachta atá á chur ar fáil sna Siollabais seo (Féach Aguisín 2, lch. 73) agus cuspóirí teanga a scríobh mar aon le cuspóirí curaclaim agus cuspóirí an ábhair. I gcorp

an cheachta caithfidh an mac léinn a bheith i gcónaí de réir an chuir chuige a bhaineann le Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangach i.e. FCÁT (féach Aguisín 1). Caithfidh an mac léinn samplaí a thabhairt d'úsáid eiseamláireach na Gaeilge ón múinteoir a léiríonn an tábhacht a bhaineann le cruinneas teanga agus na deiseanna a thabharfar do na páistí a léiriú go bhfuil na cuspóirí an cheachta á mbaint amach acu, ina measc, cuspóirí teanga.

## 3.4 Siúlóidí Treoraithe/Turais

Ceithre rang (ceithre huaire an chloig - dhá thráthnóna) a bheidh ann do Shiúlóidí Treoraithe/Thurais i rith an Chúrsa. Tabharfaidh na seisiúin seo deiseanna do na mic léinn cuairteanna a thabhairt ar áiteanna stairiúla ar fhoghlaim siad fúthu i Seisiúin na Maidine. Beidh na mic léinn in ann eolas breise a bhailiú ar na háiteanna sin agus é a chlárú san Fhillteán Foghlama.

## 3.5 Sceidil Shamplacha – Seisiúin an Tráthnóna

Seo a leanas cláir ama shamplacha do Sheisiúin an Tráthnóna don Chéad Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht:

### Seisiúin an Tráthnóna – Seachtain 1

| | Dé Luain | Dé Máirt | Dé Céadaoin | Déardaoin | Dé hAoine | Dé Sathairn | Dé Domhnaigh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| SEISIÚN 1 | **Spórt** (lasmuigh, téarmaíocht, ionaid ar an bpáirc, rialacha, gártha molta agus gríosaithe) | **Amhránaíocht** (amhráin thraidisiúnta ón gceantar) | **Múineadh na Gaeilge:** Rannta Traidisiúnta | **Ealaín** (cárta d'ócáid speisialta, beannachtaí, rannta oiriúnacha, taispeántas) | | **Siúlóid Threoraithe/Turas** (cuairteanna ar áiteanna stairiúla, eolas a bhailiú le cur san Fhillteán Foghlama) | |
| SEISIÚN 2 | **Spórt** (lasmuigh, téarmaíocht, ionaid ar an bpáirc, rialacha, gártha molta agus gríosaithe) | **Rincí** (cleachtaí, téarmaíocht, mic léinn ag múineadh a chéile) | **Rincí** (seitrincí, damhsa ar an sean-nós, mic léinn ag múineadh a chéile) | **Spórt** (laistigh, téarmaíocht, rialacha, gártha molta agus gríosaithe) | | **Siúlóid Threoraithe/Turas** (cuairteanna ar áiteanna stairiúla, eolas a bhailiú le cur san Fhillteán Foghlama) | |

### Seisiúin an Tráthnóna – Seachtain 2

| | Dé Luain | Dé Máirt | Dé Céadaoin | Déardaoin | Dé hAoine | Dé Sathairn | Dé Domhnaigh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| SEISIÚN 1 | **Múineadh na Staire:** Tasc 2 (Ceacht Staire le scríobh – An tAm atá Thart; Stair Áitiúil, Stair na hEireann) | **Spórt** (lasmuigh, téarmaíocht, ionaid ar an bpáirc, rialacha, gártha molta agus gríosaithe) | **Múineadh na Gaeilge:** Samplaí de rannta agus d'amhráin dhúchasacha – éisteacht leo, iad a aithris | **Drámaíocht / Sceitsí** (mic léinn ag cumadh agus ag cleachtadh) | | | **Siúlóid Threoraithe/Turas** (cuairteanna ar áiteanna stairiúla, eolas a bhailiú le cur san Fhillteán Foghlama) |
| SEISIÚN 2 | **Múineadh na Staire:** Tasc 2 (Ceacht Staire le scríobh – An tAm atá Thart; Stair Áitiúil, Stair na hEireann) | **Spórt** (lasmuigh, téarmaíocht, ionaid ar an bpáirc, rialacha, gártha molta agus gríosaithe) | **Múineadh na Gaeilge:** Samplaí de rannta agus d'amhráin dhúchasacha – éisteacht leo, iad a aithris | **Drámaíocht / Sceitsí** (mic léinn ag cumadh agus ag cleachtadh) | | | **Siúlóid Threoraithe/Turas** (cuairteanna ar áiteanna stairiúla, eolas a bhailiú le cur san Fhillteán Foghlama) |

Iarrtar Seisiúin an Tráthnóna agus Seisiúin na hOíche a eagrú ar bhealach nach mbeidh na mic léinn díomhaoin don tráthnóna agus don oíche in aon lá amháin. Mar shampla, i Seachtain a hAon thuas, d'fhéadfadh Céilí a bheith ar siúl oíche Dé hAoine agus imeachtaí sóisialta eile a eagrú d'oíche Dé Domhnaigh.

## 4. Seisiúin na hOíche

Beidh ceithre huaire an chloig (dhá sheisiún, de ghnáth, ar a laghad) ann in aghaidh na seachtaine do Sheisiúin na hOíche. Tá solúbthacht ann agus saoirse ag na Coláistí Gaeltachta maidir leis na hoícheanta a roghnaítear. Má bhíonn drochaimsir ann, is féidir seisiún a chur siar. Iarrtar Seisiúin an Tráthnóna agus Seisiúin na hOíche a eagrú ar bhealach nach mbeidh na mic léinn díomhaoin don tráthnóna agus don oíche in aon lá amháin, más féidir. Imeachtaí foirmiúla sóisialta a bheidh iontu. Beidh éagsúlacht ag baint leo. Caithfidh dhá chéilí ar a laghad a bheith ag na mic léinn i rith na Tréimhse. Ag na céilithe déanfaidh na mic léinn na rincí a d'fhoghlaim siad ag Seisiúin an Tráthnóna agus beidh deiseanna acu ag na céilithe, freisin, amhráin atá foghlamtha acu a chanadh agus ceol a sheinm. Oícheanta eile, cuirfear leis an éagsúlacht trí imeachtaí eile a eagrú, mar shampla, Tráth na gCeisteanna, sceitsí atá ullmhaithe ag na mic léinn, Comórtas na dTithe, aithris filíochta, seanchaí áitiúil.

## 5. An Fillteán Foghlama

Beidh Fillteán Foghlama ar leith ag na mic léinn don Chéad Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht. Leabhar nótaí crua A4 a bheidh ann. Doiciméad Oibre a bheidh ann ó thús deireadh an chúrsa. Is í seo a leanas an úsáid a bhainfidh na mic léinn as an bhFillteán Foghlama:

- ag tús an chúrsa, scríobhfaidh siad a gcuid aidhmeanna pearsanta don chúrsa Gaeltachta ann
- bainfidh siad úsáid as chun nótaí a ghlacadh i rith an chúrsa, agus chun foclóir agus leaganacha cainte nua a fhoghlaimeoidh siad sa teach agus sa choláiste Gaeltachta a chlárú
- do Thasc 1, is san Fhillteán Foghlama a scríobhfaidh siad an taighde a dhéanfaidh siad don Díospóireacht, pointí a bhaineann leis an dá thaobh den rún/argóint agus dréachtaí den óráid/chur i láthair a bheidh le déanamh
- cuirfear na cártaí do na hócáidí speisialta a dhéanfar sa seisiún ar na hAmharcealaíona san Fhillteán Foghlama
- do Thasc 2, is san Fhillteán Foghlama a chuirfidh na mic léinn an Ceacht Staire agus an áis a bheidh ag dul leis
- i rith an chúrsa agus ag deireadh an chúrsa is san Fhillteán Foghlama a dhéanfaidh siad féinmheastóireacht ar a ndul chun cinn.

Beidh an Fillteán Foghlama mar fhianaise ar ghnéithe ar leith de rannpháirtíocht an mhic léinn aonair sa chúrsa Gaeltachta.

## 6. Measúnú

Déanfaidh na mic léinn féinmheastóireacht i rith agus ag deireadh an chúrsa de réir na n-aidhmeanna a leagfaidh siad síos dóibh féin ag an tús. Ar bhonn ginearálta, déanfaidh na teagascóirí Gaeltachta monatóireacht ar thoilteanas an mhic léinn Gaeilge a labhairt go neamhfhoirmiúil, ar rannpháirtíocht sa rang, ar úsáid an Fhillteáin Fhoghlama agus ar chomhlíonadh na dtascanna. Tabharfaidh na teagascóirí aischothú neamhfhoirmiúil don mhac léinn aonair go rialta, go háirithe chun dea-iarrachtaí a aithint. Beidh leibhéal sástachta na dteagascóirí Gaeltachta leis sin go léir le feiceáil ar an Tuairisc Aonair do gach mac léinn a chuirfear ar ais chuig an Institiúid Oideachais agus caithfidh gach mac léinn an Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht a chríochnú go sásúil. Tabharfaidh gach mac léinn an Fillteán Foghlama go dtí Scrúdú Cainte dheireadh na bliana san Institiúid Oideachais. Mar chuid den Scrúdú Cainte iarrfar ar an mac léinn an Fillteán Foghlama a thaispeáint don Scrúdaitheoir agus labhairt faoi ghnéithe éagsúla den chúrsa Gaeltachta. Is faoi gach Institiúid Oideachais ar leith a bheidh sé socrú a dhéanamh maidir le háit a bheith ag an bhFillteán Foghlama ina córas measúnaithe.

# Cuid 2: An Dara Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht

## 7. Torthaí Foghlama

Tar éis dóibh an Dara Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht a chríochnú go sásúil, beifear ag súil go mbeidh sé ar chumas na mac léinn:

1. Féinmheastóireacht a dhéanamh ar a gcumas agus ar a ndul chun cinn sa Ghaeilge.
2. Straitéisí éagsúla foghlama teanga a aithint agus a úsáid, ina measc ábhar ar líne.
3. Páirt fheidhmiúil a ghlacadh i ngnáthchomhrá lena chéile, le muintir na Gaeltachta, le daoine fásta eile i bpobal scoile agus in agallamh do phost.
4. Ceisteanna a chur agus Gaeilge á múineadh – an fhoirm spleách agus an fhoirm neamhspleách.
5. Fógraí seomraí ranga, nótaí teachtaireachta do shuíomh idirlín na scoile agus ailt do nuachtlitir na scoile a scríobh go cruinn.
6. Breis feasachta a léiriú maidir le gramadach agus comhréir na Gaeilge.
7. Eolas a léiriú ar eagraíochtaí Gaeilge agus Gaeltachta.
8. Eolas a léiriú ar Ghaeltachtaí agus ar chanúintí na hÉireann.
9. Cur síos a dhéanamh ar an gcultúr Gaelach sa Ghaeltacht.
10. Tuairisc a thabhairt ar TG4, RTÉ Raidió na Gaeltachta, Nuachtáin agus ailt Ghaeilge.
11. Cainteoir dúchais a chur faoi agallamh agus torthaí taighde a chur i láthair os comhair daoine eile.
12. Córas fuaimeanna na Gaeilge a léiriú ina gcuid cainte agus ina gcuid léitheoireachta.
13. Gnéithe de shaol agus de chultúr comhaimseartha an cheantair a phlé, mar aon lena saol gairmiúil agus pearsanta féin.
14. Scríobh go cruthaitheach sa Ghaeilge.
15. Eolas a léiriú ar an suíomh www.duchas.ie , úsáid a bhaint as chun teacht ar Bhailiúchán na Scol agus ar an mbailiúchán béaloidis ar leith a bhaineann le haon scoil ar leith.
16. Samplaí d'ealaíona béil na Gaeltachta a léiriú agus a phlé.

# A. Seisiúin na Maidine

## 8. Ábhar an tSiollabais

### 8.1 Téamaí agus Éagsúlacht

Cothaíonn éagsúlacht taitneamh. Leis an réimse de théamaí agus de chuir chuige a ainmnítear agus a mhínítear sa Siollabas seo féachtar chuige go gcothaítear spéis, go ndéantar freastal ar straitéisí éagsúla foghlama teanga agus go dtapaítear na deiseanna breise foghlama atá ar fáil i suíomh Gaeltachta.

### 8.2 Mé Féin mar Fhoghlaimeoir Teanga

Ag tús na Dara Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht caithfidh na mic léinn machnamh a dhéanamh ar an staid ag a bhfuil siad mar fhoghlaimeoirí Gaeilge. Iarrfar orthu díriú ar an tairbhe a bhain siad as an gCéad Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht, ar na haidhmeanna a bhí acu agus ar na céimeanna a thóg siad. Díreofar a n-aird ar na deiseanna a bheidh acu sa Dara Tréimhse. Díreofar a n-aird arís ar an gcumas sa teanga a bheidh ag teastáil uathu agus iad ina ngairm – ag múineadh Gaeilge, ag múineadh ábhar eile trí mheán na Gaeilge agus ag obair i bpobal scoile. Mar a rinneadh ag tús na Chéad Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht, caithfear cabhrú leis na mic léinn aonair aidhmeanna a leagan síos dóibh féin a bheidh le baint amach acu féin go pearsanta i rith an chúrsa, le cabhair na dteagascóirí sa Choláiste Gaeltachta, le cabhair fhear agus bhean a' tí agus le cabhair a gcomh-mhac léinn ar an gcúrsa. Beidh orthu arís meastóireacht a dhéanamh ar a gcumas féin sa Ghaeilge agus ar a ndearcadh i leith na teanga. Maidir le tairbhe a bhaint as an Dara Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht cuirfear in iúl dóibh go mbeidh an phríomhfhreagracht orthu féin arís a gcuid aidhmeanna féin a bhaint amach. Pléifear leo na straitéisí foghlama atá úsáidte acu go dtí an pointe sin ina saol agus na straitéisí breise foghlama a bhíonn ar fáil i suíomh Gaeltachta. Ní mór, arís, straitéisí a thabhairt dóibh a chuirfidh ar a gcumas athrá a lorg nuair nach gcloiseann siad rud éigin i gceart ("Ar mhiste leat é sin a rá arís, más é do thoil é?", soiléiriú a lorg nuair nach dtuigeann siad rud éigin go hiomlán ("Céard atá i gceist agat?), deimhniú a lorg nuair a bhíonn siad éiginnte ("An é atá á rá agat ná …?") agus focal nó bealach chun rud éigin a rá, a lorg nuair a bhíonn deacrachtaí acu iad féin a chur in iúl ("Céard a déarfá?"). Chun lántairbhe a bhaint as an tréimhse sa Ghaeltacht leagfar béim arís ar a thábhachtaí is atá sé Gaeilge a labhairt lasmuigh de na seisiúin fhoirmiúla. Míneofar réasúnaíocht na gcúrsaí Gaeltachta do mhic léinn oideachais dóibh. Cabhrófar leo na cinntí atá le déanamh a aithint má tá siad chun a gcuid

aidhmeanna a bhaint amach. Tá sé tábhachtach dóthain ama a thabhairt dó seo ag tús an chúrsa ionas go bhfaighidh siad deis a n-aird a dhíriú air i gceart. Iarrfar ar gach mac léinn ceisteanna ar an ábhar sin a fhreagairt i scríbhinn ina bhFillteán Foghlama. Ag deireadh na chéad seachtaine caithfear aird na mac léinn a dhíriú ar a n-aidhmeanna tosaigh agus meastóireacht á déanamh acu ar a ndul chun cinn. Beidh sé riachtanach arís do na mic léinn ag deireadh an chúrsa filleadh ar a n-aidhmeanna tosaigh agus féinmheastóireacht á déanamh acu ar an tairbhe a bhain siad as an gcúrsa.

Faoi scáth an téama seo, is féidir díriú ar na nithe seo a leanas:

- an mac léinn ag ullmhú don saol gairmiúil – *curriculum vitae* agus agallamh do phost
- an Ghaeilge mar theanga i bpobal na scoile – a bheith in ann páirt a ghlacadh i ngnáthchomhrá le Príomhoide, le múinteoirí eile, le cigire, le cuairteoirí eile chuig an scoil, le tuismitheoirí
- cruinnithe le tuismitheoirí
- cumas ceisteanna a chur agus Gaeilge á múineadh – an fhoirm spleách agus an fhoirm neamhspleách
- cumas cumarsáide i scríbhinn – fógraí, lipéid, cairteacha don seomra ranga agus don scoil, nótaí teachtaireachta agus fógraí do shuíomh idirlín na scoile, ailt do nuachtlitir na scoile
- an Ghaeilge i saol pearsanta an mhic léinn – cearta teanga agus seirbhísí.

Tá sé riachtanach freisin, go mbíonn Téamaí Churaclam na Gaeilge (Mé Féin, Sa Bhaile, An Scoil, Bia, An Teilifís, Siopadóireacht, Caitheamh Aimsire na bPáistí, Éadaí, An Aimsir, Ócáidí Speisialta) agus an foclóir a ghabhann leo lárnach i Seisiúin na Maidine.

Tá sé tábhachtach freisin, go bhfaigheann na mic léinn deiseanna labhairt faoina gCaitheamh Aimsire féin (ceol, faisean, spórt, mo shaol ar líne agus araile).

## 8.3 Gaeilge agus Cultúr na Gaeltachta

Is féidir roghnú as:

- Gaeltachtaí na hÉireann (féach *Siollabas Nua don Dara Bliain Ollscoile*) – ainmneacha, na háiteanna ina bhfuil siad, cé chomh mór agus atá siad, daonra, stair a bhaineann leo (mar shampla, Gaeltacht Ráth Chairn)
- canúintí - an chanúint áitiúil i gcomparáid le canúint na Gaeltachta ina raibh na mic léinn don Chéad Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht; cosúlachtaí agus difríochtaí idir na canúintí go léir maidir le foclóir, leaganacha cainte agus béimeanna; canúintí agus an Caighdeán; foclóir agus leaganacha cainte na Gaeltachta ina bhfuil siad a bhreacadh síos ina bhFillteán Foghlama agus a úsáid ina gcuid cainte
- Dea-chaint agus Deisbhéalaíocht
- Staid agus stádas na Gaeilge inniu, cearta teanga agus seirbhísí, scéal mionteangacha eile
- tithíocht agus pleanáil (féach *Siollabas Nua don Dara Bliain Ollscoile*)
- léargas sochtheangeolaíoch ar an nGaeltacht
- eagraíochtaí Gaeilge agus Gaeltachta – comharchumainn, Údarás na Gaeltachta, an Ghaeilge sa chóras oideachais, Gaeloideachas, COGG (An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta), Muintearas, Naíonraí
- an cultúr Gaelach sna Gaeltachtaí – ceol, amhránaíocht, amhránaíocht ar an sean-nós (féach *Siollabas Nua don Dara Bliain Ollscoile*), damhsa, cluichí Gaelacha, agallaimh bheirte (féach *Siollabas Nua don Tríú Bliain Ollscoile, Séideán Sí*), rásaí curach
- eagraíochtaí agus comórtais a thugann tacaíocht don chultúr Gaelach – féilte agus comórtais áitiúla, rásaí curach agus geallta bád, TG4, Fleadha Ceoil, Feiseanna, Oireachtas na Gaeilge, Cumann Lúthchleas Gael, Comórtas Peile na Gaeltachta, Scór
- Coláistí Gaeltachta
- Oideachas Tríú Leibhéal sa Ghaeltacht
- cultúr comhaimseartha na Gaeltachta agus daoine óga
- Stair na Teanga (na tréimhsí éagsúla) agus Stair na Litríochta, ón tseanlitríocht anuas – mar shampla, An Fhiannaíocht, An Rúraíocht, Litríocht an 17ú-19ú haois agus araile
- Athbheochan na Gaeilge
- Litríocht an 20ú haois: na scríbhneoirí móra – mar shampla, duine nó beirt as an gceantar ina bhfuil an coláiste suite
- Litríocht do pháistí agus do dhaoine óga
- feasacht teanga

Chun fuaimniú ceart a chothú sna mic léinn nuair a bhíonn siad ag labhairt Gaeilge, díreofar a n-aird ar fhuaimniú cainteoirí dúchais. Díreofar a n-aird air sin freisin nuair a bheidh siad féin ag dul i mbun obair bheirte agus rólimeartha, nuair a bheidh siad ag ullmhú le haghaidh díospóireachta, nuair a bheidh siad ag cleachtadh do sceitse agus nuair a bheidh siad ag canadh.

## 8.4 Na Meáin

Díreofar ar:

- TG4 – an t-ionad áitiúil, ionaid eile sna Gaeltachtaí, an lárionad, an suíomh idirlín, sceidil, cineálacha éagsúla cláir, béimeanna, seirbhís nuachta, spórt, ceol, cláir do pháistí agus do dhaoine óga, fógraí, pearsantachtaí/réaltóga móra an stáisiúin, comórtais, an freastal ar mhuintir na Gaeltachta, lucht féachana TG4, cláir a dhéantar sa Ghaeltacht agus comhlachtaí léirithe, stair agus maoiniú TG4, cúrsaí traenála agus deiseanna fostaíochta
- RTÉ Raidió na Gaeltachta – an t-ionad áitiúil, ionaid eile sna Gaeltachtaí, an lárionad, an suíomh idirlín, sceidil, cineálacha éagsúla cláir, seirbhís nuachta (náisiúnta, idirnáisiúnta, áitiúil), spórt, ceol, cláir do dhaoine óga, fógraí, pearsantachtaí/réaltóga móra an stáisiúin, comórtais, an freastal ar mhuintir na Gaeltachta, buanna, lucht éisteachta RTÉ Raidió na Gaeltachta, stair agus maoiniú an stáisiúin, cúrsaí traenála agus deiseanna fostaíochta
- stáisiúin Ghaeilge raidió eile – Raidió na Life, Raidió Fáilte
- stáisiúin eile raidió a mbíonn cláir Ghaeilge orthu – Newstalk, stáisiúin raidió áitiúla
- nuachtáin agus colúin Ghaeilge – Seachtain/Ar Fheabhas (Irish Independent); Irish Times
- blaganna agus na meáin shóisialta

Tá ábhar ar na Meáin Ghaeilge sa *Siollabas Nua don Tríú Bliain Ollscoile*.

Is fiú aird ar leith a dhíriú ar na suíomhanna Gaeltachta agus ar shuíomhanna a bhaineann le meáin chumarsáide na Gaeilge. Seo gearrliosta suíomhanna a bhféadfaí obair aonair nó obair ghrúpa a bhunú orthu:

www.ainm.ie

http://www.logainm.ie

http://www.lurgan.biz/art/index.htm

www.tg4.ie (“Foghlaim”, “Ceachtanna”, “Dánta”, “Gearrscannáin”)

www.rte.ie/rnag/

http://garraijohnnymhorgan.blogspot.com

www.coislife.ie

www.clubleabhar.com

http://scribhneoirioga.blogspot.com/

www.antoireachtas.ie/

Tá liosta níos faide le fáil ar an suíomh www.teagascnagaeilge.ie.

www.teanglann.ie (Ó Dónaill, foclóir, gramadach, áiseanna foghraíochta)

www.focloir.ie (foclóir, gramadach, áiseanna foghraíochta)

An Foclóir Beag http://193.1.97.44/focloir/ (gramadach, go háirithe briathra)

http://www.peig.ie/ (Imeachtaí Gaeilge agus Gaelacha)

http://ifiplayer.ie/category/irish-language/ (Gearrscannáin agus cláir faisnéise)

Tá na físeáin a bhaineann le Gaeilge 365 ar fheabhas! Tá siad ar fáil ar Youtube, mar sampla, https://www.youtube.com/watch?v=TCbN8Lre_wc&list=PL1TAJIG61nuBUKUHz6gbNKw0uoAMgJO1k

Is foinsí tábhachtacha iad na suíomhanna seo a leanas do mhúineadh na Gaeilge sa bhunscoil:

www.cogg.ie

http://www.anmuinteoir.ie/amhrain-danta/

http://www.gaelscoileanna.ie/en/acmhainni-naionrai/

http://www.cogg.ie/wp-content/uploads/Eolaire-Aiseanna-Teagaisc-2013-Bunscoil.pdf

https://www.logainm.ie/Scoil/pdf/logainm.ie-scoil1-00.pdf

http://www.seomraranga.com/category/curriculum/gaeilge/danta-gaeilge/

https://breac.nd.edu/articles/dramaiocht-na-gaeilge-sa-seomra-ranga-bunscoile-modh-ealaine-no-modheolaiocht/

www.seomraranga.com/gaeilge.htm

http://www.seomraranga.com/2012/09/rannta-agus-amhrain-as-gaeilge/

www.futafata.co.

https://www.education.ie/ga/Foilseach%C3%A1in/Tuairisc%C3%AD-Cigireachta-Foilseach%C3%A1in/Tuarasc%C3%A1lacha-Treoirl%C3%ADnte-Meast%C3%B3ireachta/insp_irish_primary_school_08_ir_pdf.pdf

*Beidh ríomhairí glúine ag cuid mhaith de na mic léinn, ach níor mhór a chinntiú go mbeidh soláthar éigin ríomhairí ar fáil do mhic léinn fad is atá siad ag freastal ar an gcúrsa.

## 8.5 An Ceantar agus Scríbhneoirí Áitiúla

Déanfaidh gach mac léinn rogha dul chuig Gaeltacht ar leith agus chuig Coláiste Gaeltachta i gceantar ar leith. Beidh impleachtaí ag baint leis an rogha sin. Tá na Gaeltachtaí go léir difriúil óna chéile mar atá na ceantair in aon Ghaeltacht ar leith. Cé nach bhfuil an téama "An Ceantar" feidhmeach do ghairm na múinteoireachta, caithfear dhá sheisiún ar a laghad i rith na Tréimhse a chaitheamh ar an téama sin, ceann amháin go luath sa chéad seachtain agus ceann eile sa dara seachtain. Cuireann an téama seo deis ar fáil do gach Coláiste Gaeltachta teacht i dtír ar na féidearthachtaí uathúla a sholáthraíonn sé a bhaineann le logainmneacha, an tírdhreach, stair na háite, flóra agus fána (plandaí an talaimh, éin an aeir, dúile an chladaigh,éisc na farraige – féach *Ábhar Tacaíochta do na Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht do Mhic Léinn Oideachais* – Grúpa Oibre na gColáistí Oideachais, 2014), seirbhísí, cúrsaí fostaíochta, saol sóisialta, daoine óga, scríbhneoirí, laochra áitiúla, Lá an Phátrúin, béaloideas, an Ghaeilge, an chanúint agus araile. Cuireann "An Ceantar" blas áitiúil ar an gcúrsa. Faoin Téama seo, is féidir roghnú as:

- scríbhneoirí ón áit – scríbhneoirí próis agus filí, a saothar a bhlaiseadh, beatha na scríbhneoirí sin a fhiosrú ar shuíomhanna idirlín cosúil le www.ainm.ie
- logainmneacha – logainmneacha an cheantair go háirithe, tagairt don tírdhreach/d'eachtra stairiúil éigin/do thábhacht ar leith a bhain leis an áit san am atá caite/do dhuine a raibh cónaí air nó uirthi san áit, tús-phointe do staidéar a dhéanamh ar thíreolaíocht agus ar stair an cheantair agus ullmhú á dhéanamh do thurais chuig áiteanna stairiúla, ní léachtaí ach deiseanna bríonna logainmneacha a fhiosrú (trí úsáid a bhaint as foinsí éagsúla, mar shampla, muintir an tí, foclóirí, leabhair agus suíomhanna idirlín cosúil le www.logainm.ie) agus an méid a fhoghlaimíonn siad a insint dá chéile, na mic léinn gníomhach ina bhfoghlaim féin, cumarsáid ar siúl, saibhreas teanga logainmneacha agus léiriú ar phointe éigin gramadaí, léarscáil den cheantar a tharraingt, leaganacha Béarla na logainmneacha sin agus plé ar oiriúnacht nó easpa oiriúnachta na leaganacha sin, logainmneacha sa bhaile agus ar logainmneacha i gcoitinne timpeall na tíre
- an córas oideachais – naíonraí, bunscoileanna, meánscoileanna, comhthéacs na teanga

- an córas taistil – bóithre, líne iarnróid, eitleán, aerstráice
- cúrsaí teicneolaíochta – rochtain ar leathanbhanda, comhlachtaí
- seirbhísí eile – uisce, leictreachas, bruscar, dochtúir, banaltra, ionad sláinte, ospidéal, Cúram Lae, áras seanóirí, ospís, éigeandálaí, bád tarrthála, héileacaptar
- acmhainní nádúrtha – an talamh, an fharraige, an portach, ola agus gás, radharcra
- flóra agus fána (plandaí an talaimh, éin an aeir, dúile an chladaigh, éisc na farraige – féach *Ábhar Tacaíochta do na Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht do Mhic Léinn Oideachais* – Grúpa Oibre na gColáistí Oideachais, 2014)
- cúrsaí fostaíochta, slite maireachtála agus imirce – feirmeoireacht, tionscal na hiascaireachta, monarchana, cúrsaí turasóireachta, na meáin agus comhlachtaí léirithe, ag obair as baile, ag taisteal go dtí an baile mór, Coláistí Gaeltachta, deiseanna eile fostaíochta, imirce agus muintir na Gaeltachta i gcéin
- saol sóisialta na ndaoine – an teach tábhairne; caitheamh aimsire - fir, mná, clanna, daoine óga; an baile mór
- daoine óga – caitheamh aimsire, a dtriall
- laochra móra áitiúla – ainmneacha, gaisce
- Lá an Phátrúin – dáta, eolas ar an naomh, nósanna na ndaoine
- An Saol ag Athrú – daonra, Gaeilge

Maidir le scríbhneoirí próis agus filí ón gceantar, caithfear gearrshaothar próis (úrscéal gearr nó caibidil / caibidlí as úrscéal níos faide nó gearrscéal) agus dhá cheann / trí cinn de dhánta a roghnú (cinn nach bhfuil staidéar déanta ag na mic léinn orthu cheana féin), ranganna a thabhairt orthu agus na mic a spreagadh iad a léamh ina gcuid ama féin. Na gnéithe sin den téama "An Ceantar" a bhaineann leis an ábhar bunscoile O.S.I.E. (Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta i.e. Stair, Tíreolaíocht agus Eolaíocht), tá tábhacht ar leith ag baint leo mar gheall go mbeidh na mic léinn ag múineadh ábhair uile an Churaclaim Bhunscoile trí mheán na Gaeilge agus mar gheall ar FCÁT (Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha).

## 8.6 An Ghné Chruthaitheach

Caithfear deis a thabhairt d'fhéith chruthaitheach na mac léinn ar tugadh oscailt di sa Chéad Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht teacht faoi bhláth sa Dara Tréimhse. Ar dtús, is féidir dul siar a dhéanamh ar na seánraí filíochta a chleacht siad sa Chéad Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht:

- Acrastaicí (roghnaítear focal agus scríobhtar dán a bhfuil an líon céanna línte ann agus atá litreacha san fhocal, agus in ord, tosaíonn gach líne le litir ón bhfocal)
- Dánta Aibítre (roghnaítear topaic agus scríobhtar dán ar an topaic sin ina dtosaíonn gach líne le litreacha na haibítre, in ord)
- Haiku (dán nach mbíonn ann de ghnáth ach trí líne, sa chéad líne bíonn cúig shiolla, sa dara líne bíonn seacht siolla agus sa tríú líne bíonn naoi siolla)
- Cinquain (dán cúig líne ina bhfuil íomhánna glinne a chuireann mothúcháin in iúl)
- Luimnigh (dán ina bhfuil cúig líne; i línte 1, 2 agus 5 bíonn ocht siolla; i línte 3 agus 4 bíonn sé shiolla; bíonn rím idir an focal deireanach i línte 1, 2 agus 5; bíonn rím idir an focal deireanach i línte 3 agus 4).

Arís, moltar dánta samplacha ó na seánraí sin a léamh leis na mic léinn ar dtús agus a n-aird a dhíriú ar na foirmlí a bhíonn i gceist.  Ina dhiaidh sin, tar éis cúpla dán ó fhilí áitiúla a chur os a gcomhair agus féidearthachtaí eile a phlé, is féidir dul ar aghaidh chuig:

- Saorvéarsaíocht

Chomh maith leis sin d'fhéadfaí na mic léinn a spreagadh tabhairt faoi na seánraí seo:

- saothair ghearra phróis
- sceitsí – le forbairt i Seisiúin an Tráthnóna agus le léiriú i Seisiúin na hOíche
- treánna – mar shampla, na trí radharc is deise sa Ghaeltacht seo, na trí rud is fearr a rinne mé ar an gcúrsa, na trí is mó nach ndéanfaidh mé dearmad orthu ón gcúrsa seo agus araile
- agallaimh bheirte (féach *Séideán Sí*)
- lúibíní (féach *Siollabas Nua don Tríú Bliain Ollscoile*)
- amhráin – ag aistriú go Gaeilge.

## 8.7 Tasc 1: Agallamh agus Cur i Láthair

Is í aidhm Thasc 1 ná deis eile a sholáthar do na mic léinn obair le chéile, agallamh a chur ar chainteoir dúchais agus cur i láthair a dhéanamh os comhair ranga. Oibreoidh na mic léinn ina mbeirteanna.

I Seachtain 1 den chúrsa is iad seo a leanas na céimeanna a leanfaidh na mic léinn:

- roghnóidh siad topaic éigin ó liosta topaicí a bhaineann le saol an cheantair Ghaeltachta ina bhfuil an cúrsa ar siúl agus gné éigin den topaic sin
- ullmhóidh siad agallamh sa rang agus lasmuigh den rang, le cur ar chainteoir dúchais ón gceantar (bean a' tí agus/nó fear a' tí nó, b'fhéidir duine lasmuigh den teach)
- cuirfidh siad an duine / na daoine sin faoi agallamh sa tseachtain chéanna.

Níor chóir níos mó ná dhá sheisiún a chaitheamh ag roghnú na dtopaicí agus ag ullmhú na n-agallamh.

I Seachtain 2 is iad seo a leanas na céimeanna a leanfaidh na mic léinn:

- beidh orthu an cur i láthair a ullmhú agus a chleachtadh sa rang agus lasmuigh den rang i.e. beidh scagadh le déanamh ar an eolas a bailíodh, beidh pointí agus nótaí le cur le chéile, beidh an cur i láthair le roinnt ina dhá leath, beidh struchtúr le cur air agus beidh sé le dréachtú níos mó ná uair amháin, beidh an cur i láthair le cleachtadh sa teach agus sa rang os comhair daoine eile le deis aiseolas a fháil ó na daoine sin
- nuair a thiocfaidh an t-am don chur i láthair féin os comhair ranga, ba chóir go mbeadh go leor féinmhuiníne faighte ag na mic léinn agus taithí faighte acu ar an gcur i láthair a dhéanamh os comhair daoine eile

Don chur i láthair féin:

- beidh ar an gcéad duine den bheirt tagairt a dhéanamh don topaic agus don ghné den topaic sin a roghnaigh siad, don duine / do na daoine a chuir siad faoi agallamh, don agallamh féin agus don mhéid a d'fhoghlaim siad ón duine a chuir siad faoi agallamh nó ó aon fhoinse eile
- leanfaidh an dara duine den bheirt ar aghaidh ag tagairt don mhéid a foghlaimíodh agus i dtreo an deiridh tabharfaidh an duine sin achoimre ar an méid a fuarthas amach
- ba chóir a mholadh do na mic léinn gan a bheith ag brath go rómhór ar aon téacs a bheidh ullmhaithe acu agus an oiread saorchainte agus is féidir a bheith acu ina gcur i láthair

Tar éis an chuir i láthair, ar feadh tamaillín, beidh deis ag an lucht éisteachta ceisteanna a chur agus beifear in ann an plé a leathnú amach ar bhonn ranga.

Ceithre nóiméad (dhá nóiméad an duine ar a laghad) a mhairfidh an cur i láthair féin. Níor chóir níos mó ná dhá sheisiún a chaitheamh ag ullmhú na gcur i láthair agus á ndéanamh. Cuirfear an t-agallamh a ullmhaíodh agus an leagan scríofa den chur i láthair san Fhillteán Foghlama.

Don tasc seo, roghnóidh gach beirt gné amháin de cheann amháin de na topaicí seo a leanas:

- An Ceantar: talamh agus trá; an aimsir; tithe agus foirgnimh; an córas taistil agus bóithre; bailte agus logainmneacha; an tírdhreach teanga.
- An Pobal Féin: cúrsaí fostaíochta; eagraíochtaí pobal-bhunaithe (cumainn agus comharchumainn); an Ghaeilge sa phobal; seirbhísí pobail.
- An Óige sa Cheantar: seirbhísí agus áiseanna do pháistí; seirbhísí agus áiseanna do Dhéagóirí, an Ghaeilge
- Cúrsaí Oideachais: réamhscolaíocht; an bhunscoil; an mheánscoil; oideachas trí mheán na Gaeilge; ranganna do dhaoine fásta.
- Litríocht: scríbhneoirí áitiúla; leabhair le húdair ón gceantar; ionaid oidhreachta; seirbhísí leabharlainne.
- An Saol Sóisialta: spórt; siamsaíocht; ranganna oíche; ócáidí sóisialta.
- Cúrsaí Ealaíne: ceardaíocht; ealaíontóirí; ionaid ealaíne; potaireachtaí; ceardsiopaí; ceol; amhránaíocht; drámaíocht.
- Cúrsaí Teicneolaíochta: an t-idirlíon i saol mhuintir na háite; seirbhís leathanbhanda; seirbhísí idirlín do thurasóirí; an t-idirlíon sna scoileanna.

Mar shampla:

An Saol Sóisialta: Spórt: Cén cineál seirbhísí spóirt atá ar fáil sa cheantar? Cé air a bhfuil na seirbhísí spóirt sin dírithe? Cén sórt áiseanna spóirt atá sa cheantar? Céard as ar tháinig /a dtagann an maoiniú do chúrsaí spóirt? Cén chaoi a n-éiríonn le foirne agus le daoine aonair i gcomórtais? An bhfuil aon laochra spóirt sa cheantar? An imrítear aon chineál spóirt sa cheantar nach n-imrítear in áit eile sa tír?

Cúrsaí Oideachais: Réamhscolaíocht: Cén cineál seirbhísí réamhscoile atá sa cheantar? Cé a dhéanann maoiniú orthu? Cén sórt foirgneamh atá acu? Cén teanga a bhíonn i gceist? Conas a dhéantar freastal ar riachtanais éagsúla teanga?
Cúrsaí Teicneolaíochta: An tIdirlíon i Saol Mhuintir na hÁite: An mbíonn an t-idirlíon in úsáid ag muintir an tí? An bhfuil seirbhís leathanbhanda sa cheantar? Cén úsáid a bhaintear as ríomhairí sna scoileanna?

## 8.8 Gramadach

Caithfear ranganna foirmiúla gramadaí a mhúineadh chomh maith. Moltar an tríú cuid de Sheisiúin na Maidine a chaitheamh ar ghramadach fhoirmiúil, i.e. seisiún amháin as gach trí cinn in aghaidh an lae. Is iad seo a leanas aidhmeanna na ranganna gramadaí:

- cur le cruinneas gramadaí na mac léinn go háirithe i gcomhthéacs na riachtanas a bheidh acu mar mhúinteoirí
- feasacht ghramadaí a chothú
- luach ar chruinneas a chothú i measc na mac léinn, luach ar chúram agus luach ar an tábhacht a bhaineann le stró ar mhaithe leis an gcruinneas
- na mic léinn a threorú chuig suíomhanna idirlín agus leabhair ghramadaí a chabhróidh leis na mic léinn cabhrú leo féin, scileanna a mhúineadh do na mic léinn a chabhróidh leo foclóirí agus áiseanna foghlama eile a úsáid, agus foghlaim neamhspleách a chur chun cinn
- cabhrú leis na mic léinn gramadach a mhúineadh

Níl na Siollabais seo saintreorach maidir leis na gnéithe den ghramadach ba chóir a chlúdach sna Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht. Rialóidh riachtanais na mac léinn céard a chlúdófar ó thaobh na gramadaí de.

Ó thaobh na riachtanas gramadaí a bheidh ag na mic léinn mar mhúinteoirí ag múineadh Gaeilge, is minic nach eol do na mic léinn sin na riachtanais sin go dtí go mbíonn siad ag múineadh. Is féidir sna ranganna sa Ghaeltacht cabhrú leis na mic léinn, mar shampla, scéal nó póstaer a phlé le páistí. Is fiú an suíomh sin a chruthú sa seomra ranga sa Choláiste Gaeltachta agus iarraidh ar na mic léinn póstaer nó scéal a phlé lena chéile i ngrúpaí. Sa suíomh sin aithneoidh na mic léinn go mbeidh cineálacha éagsúla ceiste ag teastáil uathu (Cé?

Céard? Cá? Cathain? Cén t-am? Cén uair? Conas? Cén chaoi? Cén fáth? An? Ar? agus araile) agus i gcomhthéacs na gceisteanna sin tá sé tábhachtach go dtuigeann na mic léinn cathain a úsáideann an múinteoir an fhoirm spleách agus cathain a úsáideann an múinteoir an fhoirm neamhspleách. Riachtanas gramadaí eile a bheidh ag na mic léinn mar mhúinteoirí ná rialacha a bhaineann leis an réamhfhocal agus an alt (ar an; ar na; sa agus araile), rialacha a bhaineann leis an bhforainm réamhfhoclach ("Tá eagla orm roimhe" agus araile.) agus araile. Smaoinítear freisin ar an gcruinneas a bheidh ag teastáil ó na mic léinn mar mhúinteoirí ag iad ag úsáid na Gaeilge go neamhfhoirmiúil sa scoil. Mar theanga bhainisteoireachta ranga, go laethúil beidh siad ag baint úsáide as an Tuiseal Gairmeach ("Anois, a pháistí!", "Taispeáin dom do chóipleabhar, a Sheáin" "Céard atá ort, a Shiobhán?" "Togha fir, a Eoghain!" agus araile), as an Modh Ordaitheach ("Bain díot do chóta", "Tagaigí isteach, a pháistí", "Ná habair rud ar bith mar sin le páiste eile" agus araile), as an Tuiseal Ginideach Iolra ("peil na gcailíní", "peil na mbuachaillí" agus araile) as an Modh Foshuiteach Láithreach ("Go sábhála Dia sinn!" "Go méadaí Dia do stór!" "Go gcumhdaí Dia thú!" "Nár lagaí Dia thú!") agus araile.

Maidir le feasacht ghramadaí a chothú, tapóidh an múinteoir sa Choláiste Gaeltachta gach deis chun géarchúis ghramadaí a chothú, chun na mic léinn a spreagadh féachaint ar an bhfocal scríofa agus éisteacht leis an bhfocal labhartha le fiosracht ó thaobh na gramadaí de, chun deimhniú a fháil an bhfuil rud éigin a dúirt duine éigin nó a scríobh duine éigin in áit éigin, cruinn nó míchruinn ("A Stór is a Stóirín!" "Púca sa Teach" "Oileán na nDraoithe" "Cumann na mBunscol"). Eascraíonn na deiseanna is fearr chun feasacht ghramadaí a chothú go teagmhasach, mar shampla, nuair a dhéantar tagairt do theideal leabhair, do logainm, d'ainm tí agus araile.

Léirítear seachas múintear an luach a bhaineann le cruinneas trí iompar eiseamláireach an mhúinteora sa Choláiste Gaeltachta, tríd an gcúram a léiríonn an múinteoir os comhair na mac léinn, mar shampla, inscne focail nó pointe éigin eile gramadaí a sheiceáil trí dhul ar líne nó trí fhéachaint i leabhar gramadaí nó i bhfoclóir.

Taispeánfaidh an múinteoir do na mic léinn na suíomhanna idirlín agus na hacmhainní ar líne ar fad atá ann ar féidir leo úsáid a bhaint astu chun cabhair a fháil ó thaobh na gramadaí agus an litrithe de. Sa chomhthéacs sin, tá sé riachtanach cur leis na scileanna atá ag na mic léinn úsáid a bhaint as áiseanna cosúil le *Foclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill* ionas go dtuigfidh siad,

mar shampla, an bhrí atá le nodanna cosúil le *“m.”, “f.”, “npl.”, “gs.”, “gpl.”, “vn.”, “pp.”, “Var”* agus araile, agus leis an tsiombail “~”.

Maidir le múineadh na gramadaí sa bhunscoil, ó am go chéile, bíonn ceisteanna ag na mic léinn faoin am ba chóir gnéithe ar leith den ghramadach a mhúineadh do pháistí bunscoile sna ranganna éagsúla. Leis an mbéim atá ar chur chuige cumarsáideach in *Curaclam na Gaeilge*, ba chóir a chur in iúl do na mic léinn gur ar “úsáid chruinn na Gaeilge” a chuirtear béim sa bhunscoil seachas ar “eolas ar ghramadach”. Chun deis a thabhairt do na mic léinn pointe éigin gramadaí a mhúineadh, d’fhéadfaí iarraidh ar na mic léinn ligean orthu gur múinteoirí iad agus gramadach a mhúineadh dá chéile i ngrúpaí i gcomhthéacs suímh chumarsáide faoi scáth Téama agus Topaice ón gCuraclam le béim ar úsáid chruinn chumarsáideach seachas ar eolas ar ghramadach. Mar shampla, Téama: An Scoil; Topaic: Mo Mhála Scoile; pointe gramadaí: Bunuimhreacha; “Céard atá agat i do mhála scoile?” “Níl agam ach **aon bh**osca lóin amháin. Tá **trí phe**ann luaidhe agam, sé leabhar agus **seacht gc**óipleabhar.” Nó, mar shampla, i gceacht Staire agus plé á dhéanamh ar Phádraig Mac Piarais; cuspóir teanga – an Aimsir Chaite den Chopail le consan; “Cérbh é Pádraig Mac Piarais?” “**Ba mh**úinteoir / **ph**ríomhoide / **sh**aighdiúir / scríbhneoir é.” “Níor **dh**ochtúir / **sh**iopadóir / **th**iománaí tram é.”

Le linn na dTréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht is minic nach mbainfidh riachtanais na mac léinn leis na riachtanais a bheidh acu mar mhúinteoirí ach leis na riachtanais a bhaineann leis na scrúduithe a bheidh le déanamh acu sa Ghaeilge nuair a fhillfidh siad ar an Institiúid Oideachais. Ag teacht leis an ráiteas ag tús na Siollabas seo go dtugann na Siollabais tús áite do riachtanais na mac léinn, ar mhaithe le spéis sna ranganna gramadaí agus úinéireacht orthu sna Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht a chothú agus ag aithint go mbeidh na mic léinn níos spreagtha sna ranganna gramadaí má chlúdaítear gnéithe den ghramadach a roghnaíonn siadsan, is fiú a fháil amach ag tús gach Tréimhse céard iad go baileach riachtanais na mac léinn. Más iad na scrúduithe gramadaí a bheidh le déanamh acu nuair a fhillfidh siad ar an Institiúid Oideachais an chloch is mó ar a bpaidrín, ba chóir freastal ar na mic léinn agus an clár gramadaí a chlúdófar i rith na Tréimhse a aontú leo. Má tharlaíonn sé go mbíonn mic léinn ó Institiúidí Oideachais éagsúla sa rang céanna sa Ghaeltacht agus nach ionann go baileach na riachtanais atá acu go léir, ba chóir fós go mbeadh an rang in ann teacht ar aon fhocal maidir leis na gnéithe den ghramadach a chlúdófar. Má aontaítear clár gramadaí agus má tharlaíonn

sé go bhfuil gné(ithe) den chlár sin ar eolas cheana féin ag mac léinn éigin, ba chóir breathnú ar an ngné / na gnéithe sin den chlár mar dhaingniú ar a bhfuil foghlamtha cheana ag an mac léinn sin.
Déanfar an ghramadach i gcónaí i gcomhthéacs. Mar shampla, ar bhonn an-simplí, má bhíonn ar na mic léinn cuntas a thabhairt ar na rudaí go léir a rinne siad inné sa Ghaeltacht nó a dhéanann siad gach Satharn i rith na bliana nó a dhéanfaidh siad nuair a rachaidh siad abhaile nó a dhéanfaidís dá mbeadh an aimsir go maith, bíonn cúis ann chun an Aimsir nó an Modh atá i gceist a mhúineadh. Comhthéacs an-mhaith don Mhodh Ordaitheach is ea nuair a bhíonn na mic léinn á n-eagrú féin le haghaidh cluichí nó damhsaí nó nuair a bhíonn siad ag gríosadh a chéile nó nuair a bhítear ag díriú ar an teanga a bhaineann le bainisteoireacht ranga.

Is fiú ó am go chéile aird na mac léinn a dhíriú ar roinnt de na botúin ghramadaí is coitianta a dhéanann páistí i scoileanna san earnáil Lán-Ghaeilge, mar shampla, “An bhfuil cead agam faigh leabhar?” (mícheart) – “An bhfuil cead agam leabhar a fháil?” (ceart). “Ní féidir liom oscail an buidéal.” (mícheart) – “Ní féidir liom an buidéal a oscailt.” (ceart). Is fiú a phlé leis na mic léinn go n-eascraíonn an botún áirithe sin as ró-úsáid a bhaint as an Modh Ordaitheach. Ba chóir a mholadh do na mic léinn úsáid a bhaint as múnlaí difriúla agus iad ag idirghníomhú leis na paistí. In ionad, mar shampla, “Cuir isteach do bhosca lóin, más é do thoil é” a rá i gcónaí, “Ar mhiste leat do bhosca lóin a chur isteach, más e do thoil é” a rá ina áit.

Ó thaobh mhúineadh na gramadaí de, níl aon chur chuige ar leith á mholadh. Is féidir úsáid a bhaint as an gcur chuige déaduchtach (an cur chuige traidisiúnta) nó as an gcur chuige ionduchtach. Sa chur chuige déaduchtach, tá an múinteoir lárnach. Tugann an múinteoir na rialacha do na foghlaimeoirí ar dtús, ina dhiaidh sin tugann an múinteoir samplaí a léiríonn na rialacha agus ansin iarrann an múinteoir ar na foghlaimeoirí cleachtaí a dhéanamh ina gcuireann na foghlaimeoirí na rialacha i bhfeidhm. A mhalairt de chur chuige atá sa chur chuige ionduchtach. Sa chur chuige ionduchtach tá an foghlaimeoir lárnach agus níos gníomhaí san fhoghlaim a tharlaíonn. In ionad tosú leis na rialacha, tosaíonn an cur chuige ionduchtach leis na samplaí ón múinteoir, spreagtar na foghlaimeoirí patrúin a thabhairt faoi deara trí anailís a dhéanamh ar na samplaí agus tagann na foghlaimeoirí ar na rialacha iad féin. Sa chur chuige ionduchtach, ní hamháin go mbíonn na foghlaimeoirí níos gníomhaí ina bhfoghlaim féin ach bíonn deiseanna acu comhoibriú lena chéile i mbeirteanna nó i ngrúpaí, patrúin a phlé agus teacht ar rialacha. Ó thaobh cúrsaí ama de, ní thógann cur chuige

déaduchtach chomh fada le cur chuige ionduchtach. Le cur chuige ionduchtach, is féidir a áiteamh go mbíonn tuiscint níos fearr ag foghlaimeoirí ar na rialacha gramadaí a fhoghlaimíonn siad mar gheall ar an ról lárnach a bhíonn acu féin san fhoghlaim. (Chun níos mó eolais a fháil ar an gcur chuige ionduchtach, féach Ní Dhiorbháin, Aisling, (2014). *Bain Súp As!* Baile Átha Cliath: COGG)

Leis an tús áite atá á bhronnadh ar riachtanais na mac léinn, tuigtear nach bhfuil na Siollabais seo saintreorach maidir leis na gnéithe den ghramadach ba chóir a chlúdach sna Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht.
Sna Seisiúin fhoirmiúla ar fad (maidin, iarnóin agus oíche), is cuma céard a bheidh á chlúdach, beifear ag díriú i gcónaí ar cheartúsáid na teanga. Ó thaobh cheartúsáid na teanga de, beidh na múinteoirí i gcónaí eiseamláireach ina gcuid cainte, ina gcuid scríbhneoireachta agus in aon bhileoga agus nótaí a thugann siad do na mic léinn. Maidir le ceartúsáid na teanga a chothú sa mhac léinn aonair, má bhíonn mac léinn míchruinn ag labhairt, anois agus arís, agus nuair is cuí, úsáidfidh an múinteoir nod chun an mac léinn a spreagadh an rud atá ráite a rá i gceart nó déanfaidh an múinteoir ateilgean ar a bhfuil ráite ag an mac léinn gan a bheith ag súil i gcónaí go gceartóidh an mac léinn é/í féin. Ní bhíonn sé mar aidhm ag an múinteoir sna cásanna sin cur isteach ar shruth cumarsáideach an mhic léinn ná lagmhisneach ná náire a chur ar an mac léinn ach tacaíocht agus cabhair a thabhairt don mhac léinn a bheith níos cruinne i mbun cainte.

**Botúin Choitianta**: Ar bhonn neamhphearsanta caithfear díriú go teagmhasach ar na botúin is coitianta a dhéanann na mic léinn. D’fhéadfadh na mic léinn úsáid a bhaint as leabhair ghramadaí, foghlaim óna chéile agus an méid a fhoghlaimíonn siad a scríobh san Fhillteán Foghlama.

## 8.9 Cláir Ama Shamplacha - Seisiúin na Maidine

Dírítear aird ar na pointí seo a leanas:

- Ba chóir go mbeadh ar a laghad 20 uair an chloig sa tseachtain i Seisiúin na Maidine.
- Beidh Seisiúin na Maidine ann gach lá ón Luan go dtí an Satharn.
- Is faoi gach Coláiste Gaeltachta ar leith a bheidh sé cinneadh a dhéanamh maidir le líon na seisiún a bheidh ann gach maidin.

- Caithfear an croí-ábhar comónta (na Téamaí go léir cé is moite de “An Ceantar”) a chlúdach sna seisiúin eile.
- Luafar “Gramadach” mar theideal ar an tríú cuid de Sheisiúin na Maidine i.e. seisiún amháin as gach trí cinn in aghaidh an lae, le béim ar cheartúsáid na Gaeilge sna seisiúin eile.

Is féidir an t-am atá leagtha síos a chomhlíonadh, ar an mbealach seo, mar shampla, ina bhfuil trí sheisiún gach maidin agus maireann gach seisiún uair an chloig agus deich nóiméad:

**Seisiún a hAon**: 9.30 r.n. – 10.40 r.n.

**Sos**: 10.40 r.n. – 11.00 r.n.

**Seisiún a Dó**: 11.00 r.n. – 12.10 i.n.

**Sos**: 12.10 i.n. – 12.20 i.n.

**Seisiún a Trí**: 12.20 i.n. – 1.30 i.n.

**Iomlán**: 3.5 uair an chloig x 6 lá (Luan go Satharn) = 21 uair an chloig

Seo a leanas cláir ama shamplacha do Sheisiúin na Maidine don chéad seachtain agus don dara seachtain den Dara Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht. Chomh maith le teidil na ranganna, tá sonraí breise curtha isteach le léiriú go bhfuil sé indéanta ábhar iomlán an tSiollabais a chlúdach i dtréimhse coicíse. Beidh ar gach Coláiste Gaeltachta a mhacasamhail de chlár ama a sholáthar agus cinnte a dhéanamh de go n-oireann sé dá riachtanais féin, do riachtanais an tSiollabais agus do riachtanais na mac léinn. Tugtar faoi deara go bhfuil Am Lánroghnach ar fáil do gach Coláiste Gaeltachta chun deis a thabhairt don Choláiste Gaeltachta béim bhreise a chur ar nithe atá tábhachtach, dar leis an gColáiste. Beidh ar gach Coláiste Gaeltachta féachaint chuige go dtugtar an méid céanna ama do gach téama agus a thugtar dóibh sna Cláir Ama Shamplacha thíos. I gcur i bhfeidhm an tSiollabais ó lá go lá, cé nach moltar na mic léinn seo a rangú de réir cumais, caithfear féachaint chuige sna Seisiúin go ndéantar freastal ar na mic léinn is cumasaí agus ar na mic léinn is mó a mbíonn cabhair ag teastáil uathu. Chuige sin, d’fhéadfaí úsáid a bhaint as obair ghrúpa nó ranganna ar leith do na daoine sin a eagrú.

## Seisiúin na Maidine – Seachtain 1

| | Dé Luain | Dé Máirt | Dé Céadaoin | Déardaoin | Dé hAoine | Dé Sathairn |
|---|---|---|---|---|---|---|
| SEISIÚN 1 | **Comhrá**: Cén chaoi ar tháinig tú go dtí an Ghaeltacht? (an A.C.) **Mé Féin mar Fhoghlaimeoir Teanga** (an staid ag a bhfuilim, aidhmeanna pearsanta, céimeanna le tógáil, straitéisí foghlama, CV agus agallamh do phost, rólimirt) | **Comhrá**: Anocht? (an A.F., an briathar saor) **Gramadach** (riachtanais na múinteoireachta agus riachtanais na mac léinn) | **Comhrá**: Gach tráthnóna sa Ghaeltacht? (an A.L., an briathar saor) **Gaeilge agus Cultúr na Gaeltachta** (Canúintí - cosúlachtaí, difríochtaí, dea-chaint agus deisbhéalaíocht, an Caighdeán, obair bheirte) | **Comhrá**: Dá mbeadh timpiste agat sa Ghaeltacht? (an M.C., an briathar saor) **Tasc 1 Agallamh le hUllmhú** (an dréacht deireanach den agallamh le hullmhú) | **Comhrá**: ... **Mé Féin mar Fhoghlaimeoir Teanga** (cumas ceisteanna a chur – spleách agus neamhspleách, obair bheirte, rólimirt) | **Comhrá**: ... **Gramadach** (riachtanais na múinteoireacht a agus riachtanais na mac léinn) |
| | **Sos** | **Sos** | **Sos** | **Sos** | **Sos** | **Sos** |
| SEISIÚN 2 | **An Ceantar agus Scríbhneoirí Áitiúla** (scríbhneoir próis áitiúil, file áitiúil, logainmneacha, an tírdhreach, fostaíocht, daoine óga – scoileanna, caitheamh aimsire, saol sóisialta, an chopail, cumarsáid, obair bheirte) | **Na Meáin** (TG4, suíomh idirlín, sceidil, nuacht, an tuairisceoir áitiúil, réaltóga móra TG4, stair, deiseanna fostaíochta, comhlachtaí léirithe) | **Tasc 1 Agallamh le hUllmhú** (plé ar thopaicí, gné de thopaic agus cainteoir dúchais le roghnú, dréacht d'agallamh, comhoibriú, obair bheirte) | **Gramadach** (riachtanais na múinteoireach ta agus riachtanais na mac léinn) | **An Ghné Chruth-aitheach** (saorvéar-saíocht, saothair ghearra phróis, ceartúsáid) | **Gaeilge agus Cultúr na Gaeltachta** (eagraíochtaí Gaeltachta agus a róil, coláistí Gaeltachta, oideachas tríú leibhéal sa Ghaeltacht) |
| | **Sos** | **Sos** | **Sos** | **Sos** | **Sos** | **Sos** |
| SEISIÚN 3 | **Gaeilge agus Cultúr na Gaeltachta** (Gaeltachtaí na hÉireann, ainmneacha, daonra, stair – Ráth Chairn, lagiolraí, tréaniolraí) | **An Ghné Chruthaitheach** (dánta: acrastaicí, dánta aibítre, Haiku agus Luimnigh - ceartúsáid, obair bheirte) | **Gramadach** (riachtanais na múinteoireachta agus riachtanais na mac léinn) | **Am Lánroghnach** | **Gramadach** (riachtanais na múinteoireacht a agus riachtanais na mac léinn) | **Mé Féin mar Fhoghlaimeoir Teanga** (cumarsáid i scríbhinn – fógraí, nótaí abhaile, ailt do nuachtlitir, féinmheas-tóireacht, obair bheirte, Gaeilge fheidhmiúil d'am saor, rólimirt) |

*Féach *Ábhar Tacaíochta do na Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht do Mhic Léinn Oideachais* – Grúpa Oibre na gColáistí Oideachais , 2014 (www.concos.ie)

## Seisiúin na Maidine – Seachtain 2

| | Dé Luain | Dé Máirt | Dé Céadaoin | Déardaoin | Dé hAoine | Dé Sathairn |
|---|---|---|---|---|---|---|
| SEISIÚN 1 | **Comhrá**: Conas a chaith tú an Domhnach?<br><br>**Mé Féin mar Fhoghlaimeoir Teanga**<br>(saol pearsanta an oide – cearta teanga, seirbhísí, roghanna pearsanta, rólimirt) | **Comhrá**: ...<br><br>**Gramadach**<br>(riachtanais na múinteoireacht a agus riachtanais na mac léinn) | **Comhrá**: ...<br><br>**Gaeilge agus Cultúr na Gaeltachta**<br>(an cultúr Gaelach - féilte, geallta bád, Oireachtas na Gaeilge, Comórtas Peile na Gaeltachta) | **Comhrá**: ...<br><br>**Tasc 1**<br>**Cur i Láthair ón Agallamh**<br>(cur i láthair, ceisteanna ón urlár, leathnú ar an bplé) | **Comhrá**: ...<br><br>**Mé Féin mar Fhoghlaimeoir Teanga**<br>(mo chaitheamh aimsire féin – taisteal, obair bheirte, rólimirt) | **Comhrá**: Cén chaoi a rachaidh tú abhaile?<br>(an A.F.)<br><br>**Gramadach**<br>(riachtanais na múinteoireach ta agus riachtanais na mac léinn) |
| | **Sos** | **Sos** | **Sos** | **Sos** | **Sos** | **Sos** |
| SEISIÚN 2 | **An Ceantar**<br>(scríbhneoir próis áitiúil, file áitiúil, Lá an Phátrúin, daoine cáiliúla, laochra móra áitiúla, flóra agus fána*) | **Na Meáin**<br>(RTÉ Raidió na Gaeltachta – ionaid, suíomh idirlín, sceidil, nuacht, réaltóga móra, stair, deiseanna fostaíochta) | **Tasc 1**<br>**Cur i Láthair á ullmhú**<br>(scagadh ar eolas a bailíodh, pointí, an cur i láthair a ullmhú agus a chleachtadh, ceartúsáid, comhoibriú, obair bheirte) | **Gramadach**<br>(riachtanais na múinteoireach ta agus riachtanais na mac léinn) | **An Ghné Chruthaitheach**<br>(ag aistriú amhrán go Gaeilge, lúibíní) | **Gaeilge agus Cultúr na Gaeltachta**<br>(cultúr comh-aimseartha na Gaeltachta, daoine óga, an todhchaí) |
| | **Sos** | **Sos** | **Sos** | **Sos** | **Sos** | **Sos** |
| SEISIÚN 3 | **Gramadach**<br>(riachtanais na múinteoireachta agus riachtanais na mac léinn) | **An Ghné Chruthaitheach**<br>(tréanna, scripteanna gearra, agallaimh bheirte, sceitsí, ceartúsáid, obair bheirte) | **Gramadach**<br>(riachtanais na múinteoireachta agus riachtanais na mac léinn) | **Am Lánroghnach** | **Gramadach**<br>(riachtanais na múinteoireachta agus riachtanais na mac léinn) | **Mé Féin mar Fhoghlaim-eoir Teanga**<br>(féinmheas-tóireacht, obair bheirte, dul chun cinn, an Ghaeilge i mo shaol pearsanta, rólimirt) |

*Féach *Ábhar Tacaíochta do na Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht do Mhic Léinn Oideachais* – Grúpa Oibre na gColáistí Oideachais , 2014 (www.concos.ie)

# B. Seisiúin an Tráthnóna

## 9. Ábhar an tSiollabais

Beidh Seisiún an Tráthnóna difriúil ó Sheisiún na Maidine. Díreofar ar Mhúineadh na Gaeilge, ar ábhair eile (na hAmharcealaíona; Corpoideachas – spórt, damhsaí; Ceol; Drámaíocht) trí mheán na Gaeilge, ar an mbéaloideas atá ar fáil ar www.duchas.ie i.e. i mBailiúchán na Sgol agus ar Shiúlóidí Treoraithe/Thurais.

### 9.1 Ábhair (Corpoideachas – spórt, damhsaí; Ceol; Drámaíocht; Cluichí Boird; Cluichí Clóis; an Béaloideas i mBailiúchán na Scol) agus Gníomhaíochtaí Eile

**Corpoideachas – spórt**

Beidh cúig rang spóirt (cúig huaire an chloig) ag na mic léinn. Caithfidh siad deiseanna a fháil spóirt éagsúla (lasmuigh agus faoi dhíon) a imirt ar son an taitnimh a thugann siad dóibh. Caithfidh sé go léir a bheith trí mheán na Gaeilge. Sula n-imríonn na mic léinn, tá sé tábhachtach ar feadh tamaillín, an téarmaíocht a bhaineann le trealamh, foireann, ionaid ar an bpáirc agus araile a mhúineadh. Is fiú go mór, freisin, sula n-imríonn siad go n-éisteann siad ar feadh tamaillín le tráchtaireacht spóirt ó Raidió na Gaeltachta nó ó TG4. Caithfear rialacha na gcluichí sin a chur i gcuimhne do na mic léinn trí mheán na Gaeilge agus moltóireacht a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Múinfear gártha molta agus gríosaithe dóibh agus leaganacha cainte a chuirfidh ar a gcumas comhghairdeas agus comhbhrón a dhéanamh lena chéile. Tá fiúntas ar leith ag baint leis na mic léinn féin a bheith páirteach in eagrú agus i reáchtáil na gcluichí. Maidir le cúrsaí spóirt i gcoitinne féach *Siollabas Nua don Tríú Bliain Ollscoile*. Mic léinn nach dtaitníonn sé leo spórt a imirt, ba chóir deiseanna a thabhairt dóibh ceol a sheinm, sceitse a chleachtadh agus araile.

**Corpoideachas - rincí**

Beidh dhá rang rincí (dhá uair an chloig) ag na mic léinn. Arís caithfear é a dhéanamh go hiomlán trí mheán na Gaeilge. Tá sé tábhachtach téarmaíocht a bhaineann le damhsaí a mhúineadh do na mic léinn agus iad ag foghlaim na ndamhsaí mar lá éigin d'fhéadfaidís a bheith á múineadh. Moltar na mic léinn a bhfuil damhsaí áirithe céilí nó seit ar eolas acu a chur ag múineadh na ndamhsaí do na mic léinn eile, más féidir. D'fhéadfaí múinteoirí damhsa ar an sean-nós a thabhairt isteach sa rang nó earraíocht a bhaint as an DVD 'Damhsa ar an

Sean-nós', nó as na podchraoltaí físe atá ag Gaelchultúr ag www.gaelchultur.com. Is cleachtaí a bheidh sna seisiúin seo do na céilithe a bheidh ar siúl i Seisiúin na hOíche.

**Ceol - amhránaíocht**

Beidh rang amháin amhránaíochta (uair an chloig) ann. Múinfear amhráin Ghaeilge do na mic léinn go háirithe amhráin thraidisiúnta ón gceantar. Is cleachtadh a bheidh sa seisiún seo don amhránaíocht i Seisiúin na hOíche.

**Drámaíocht – sceitsí**

Beidh dhá rang drámaíochta (dhá uair an chloig) ann i dtreo dheireadh an chúrsa. Is fearr, más féidir leis na mic léinn féin, na sceitsí a chumadh agus iad ag obair i gcomhpháirt lena chéile. Is cleachtaí a bheidh iontu do Sheisiúin na hOíche nuair a bheidh ar gach teach sceitse gearr (cúig nóiméad ar a laghad) a chur ar an ardán.

**Cluichí Boird**

Tá roinnt cluichí boird as Gaeilge ar an margadh i láthair na huaire agus tagann ceann nua nó dhó amach gach bliain. Sa bhunscoil, imrítear na cluichí boird sin i gceachtanna Gaeilge ó am go ham agus freisin go neamhfhoirmiúil, mar shampla, ag am sosa ar laethanta fliucha nuair nach mbíonn na páistí in ann dul amach go dtí an clós. Baineann páistí taitneamh as na cluichí boird sin agus nuair a bhíonn siad á n-imirt bíonn Gaeilge a labhairt acu i suíomh fíorchumarsáideach. Mar gheall air sin, tá sé tábhachtach go gcuireann na mic léinn oideachais eolas ar na cluichí boird sin, go bhfuil a fhios acu na bealaí ina n-imrítear iad agus an teanga / an foclóir / na frásaí a bhíonn ag teastáil ó na páistí chun iad a imirt. Samplaí de na cluichí boird sin is ea, *Réalta an Ranga* (Gaelchultúr, le tacaíocht ó COGG), *Spraoi le Brí* (Eoghan Mac Cormaic, 2015, le tacaíocht ó COGG), *Biongó Bóthair* (Alison Mac Cormaic, 2017, maoinithe ag COGG), *Focal Fada – cluiche litrithe Gaeilge* (Ciarán Mac Gabhann, maoinithe ag COGG), *Odyssey Gramadaí* (Séadhna Mac Gabhann i gcomhair le COGG agus Glór na nGael), *Líon an Bearna* [sic] (Eoghan Mac Cormaic, 2017, le tacaíocht ó COGG), *Nathracha is Dréimirí*. De ghnáth, bíonn treoirlínte ag dul leis na cluichí sin. An bealach is fearr do na mic léinn chun eolas a chur ar aon chluiche ar leith, mar shampla, *Réalta an Ranga*, ná an cluiche sin a imirt. D'fhéadfaí na mic léinn a ghrúpáil agus iarraidh ar mhac léinn amháin i ngach grúpa rialacha an chluiche a léamh. Bheadh ar an mac léinn sin an cluiche a mhíniú do na mic léinn eile agus

mar ionchur teanga, sula n-imríonn na mic léinn an cluiche, an teanga / an foclóir agus na frásaí a bheidh ag teastáil ó na mic léinn i rith an chluiche, a mhúineadh dóibh.

**Cluichí Clóis**

Áis an-fhiúntach is ea an leabhrán *Cluichí Clóis* (COGG i gcomhair le Gaelscoil Lios na nÓg, Diarmaid Mac Mathúna agus foireann Agtel, T. J. Ó Ceallaigh agus foireann SFGB) agus an dlúthdhiosca atá ag dul leis. Sa leabhrán, tá focail rannta agus treoirlínte teagaisc. Ar an dlúthdhiosca, taispeántar páistí ag imirt na gcluichí clóis. D'fhéadfaí roinnt de na cluichí as an áis a roghnú, iad a mhíniú do na mic léinn, an dlúthdhiosca a thaispeáint dóibh agus ansin deiseanna a thabhairt dóibh roinnt de na cluichí sin a imirt, lasmuigh nó laistigh, agus iad ag aithris na rannta atá ag dul leo.

**An Béaloideas i mBailiúchán na Scol**

In Cnuasach Bhéaloideas Éireann in Ollscoil Bhaile Átha Cliath tá Bailiúchán na Scol. Is éard atá i mBailiúchán na Scol ná bailiúchán de lámhscríbhinní a rinneadh agus a bailíodh ó 1937 go 1939 i scéim a bhainistigh Séamus Ó Duilearga agus Seán Ó Súilleabháin (iarmhúinteoir bunscoile) ó Choimisiún Béaloideas Éireann. Thug Coimisiún Béaloideas Éireann faoin obair i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais a rinne cóipleabhair mhóra oifigiúla a sholáthar ina scríobhfaí an béaloideas. Bhraith an obair go mór ar dhea-thoil agus ar chomhoibriú múinteoirí náisiúnta ó Chumann Múinteoirí Éireann. Bhailigh 50,000 páiste bunscoile ó na ranganna sinsearacha i 5,000 scoil 280,000 leathanach de bhéaloideas óna dtuismitheoirí, óna seantuismitheoirí agus óna gcomharsana. Don chuid is mó ba iad na páistí a scríobh an béaloideas sin sna cóipleabhair mhóra oifigiúla ach uaireanta is léir gurbh é / í an múinteoir a scríobh. Sa bhreis air sin, bailíodh 451,000 leathanach in imleabhair cheangailte. Don chuid is mó, is i nGaeilge atá an béaloideas ó na scoileanna Gaeltachta agus, mar an gcéanna, is i mBéarla don chuid is mó atá an béaloideas ó scoileanna a bhí lasmuigh den Ghaeltacht. Bhí scoileanna ó gach ceann de 26 contae an tSaorstáit páirteach sa scéim. Tá 18,000 de bhunchóipleabhair na bpáistí caomhnaithe in Ollscoil Bhaile Átha Cliath agus tá cuid mhaith díobh ar fáil anois go digiteach ar an suíomh www.duchas.ie

Sa bhéaloideas i mBailiúchán na Scol tá: stairsheanchas (stair ó bhéal) agus stair áitiúil; dinnseanchas (gnéithe nádúrtha aiceanta den tírdhreach), logainmneacha agus ainmneacha bóithríní; scéalta béaloidis, seanscéalta, fabhalscéalta agus finscéalta; tomhais agus seanfhocail; leigheasanna, piseoga agus creidimh na ndaoine; seanchas aimsire; cluichí agus

caitheamh aimsire; modhanna oibre agus ceirdeanna; agus araile. Ar an leathanach teidil roimh ábhar gach scoile, tugtar ainm na scoile, ainm an pharóiste, ainm na barúntachta, ainm an chontae agus ainm an mhúinteora. Sa leagan digiteach ar www.duchas.ie nuair a osclaítear ábhar aon scoile ar leith, feictear teidil na míreanna sa bhailiúchán ón scoil sin. Nuair a osclaítear aon mhír ar leith feictear cóip thras-scríofa den mhír, eolas faoin mbailitheoir (i.e. an páiste – ainm, inscne agus seoladh), eolas faoin bhfaisnéiseoir (ainm an duine ar bhailigh an bailitheoir an t-eolas uaidh / uaithi – an gaol a bhí ag an mbailitheoir leis an bhfaisnéiseoir, inscne agus aois an fháisnéiseora) agus an teanga ina bhfuil an mhír.

Tá tuilleadh eolais faoin scéim ar fáil san alt, "Súil Siar ar Scéim na Scol 1937-1938". *Sinsear 5*: 19-30 ar an suíomh https://www.duchas.ie/download/duchas.ie-suil-siar-ar-sceim-na-scol-2014.pdf

https://www.duchas.ie/ga/info/cbe

### Tasc 2: Léirmheas ar bhéaloideas scoile as Bailiúchán na Scol

Sa tasc seo beidh ar na mic léinn úsáid a bhaint as an suíomh www.duchas.ie, dul chuig Bailiúchán na Scol, an béaloideas as scoil ar leith (sa cheantar Gaeltachta ina bhfuil siad, óna n-áit dúchais féin ó aon áit eile in Éirinn) a léamh, achoimre a scríobh ar an mbéaloideas sin agus tuairim phearsanta a léiriú faoi fhiúntas an bhéaloidis sin. Chun an tasc seo a dhéanamh caithfidh na mic léinn úsáid a bhaint as an teimpléad in Aguisín 3 (féach lch. 75)

## 9.2 Siúlóidí Treoraithe/Turais

Ceithre rang (ceithre huaire an chloig - dhá thráthnóna) a bheidh ann do Shiúlóidí Treoraithe/Thurais i rith an Chúrsa. Tabharfaidh na seisiúin seo deiseanna do na mic léinn cuairteanna a thabhairt ar áiteanna stairiúla ar fhoghlaim siad fúthu i Seisiúin na Maidine. Beidh na mic léinn in ann eolas breise a bhailiú ar na háiteanna sin agus é a chlárú san Fhillteán Foghlama.

## 9.3 Sceidil Shamplacha – Seisiúin an Tráthnóna

Seo a leanas cláir ama shamplacha do Sheisiúin an Tráthnóna don Dara Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht:

## Seisiúin an Tráthnóna – Seachtain 1

| | Dé Luain | Dé Máirt | Dé Céadaoin | Déardaoin | Dé hAoine | Dé Sathairn | Dé Domh-naigh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| SEISIÚN 1 | **Spórt** (lasmuigh, téarmaíocht, ionaid ar an bpáirc, rialacha, gártha molta agus gríosaithe) | **Amhránaíocht** (amhráin thraidisiúnta ón gceantar) | **Cluichí Boird** (mar shampla, Réalta an Ranga) | **Cluichí Clóis** (roinnt de na cluichí a imirt lasmuigh) | | | **Siúlóid Threoraithe/ Turas** (cuairteanna ar áiteanna stairiúla, eolas a bhailiú le cur san Fhillteán Foghlama) |
| SEISIÚN 2 | **Spórt** (lasmuigh, téarmaíocht, rialacha, gártha molta agus gríosaithe) | **Rincí** (cleachtaí, téarmaíocht, mic léinn ag múineadh a chéile) | **Rincí** (seitrincí, damhsa ar an sean-nós, mic léinn ag múineadh) | **Spórt** (laistigh, téarmaíocht, rialacha, gártha molta agus gríosaithe) | | | **Siúlóid Threoraithe/ Turas** (cuairteanna ar áiteanna stairiúla, eolas a bhailiú) |

## Seisiúin an Tráthnóna – Seachtain 2

| | Dé Luain | Dé Máirt | Dé Céadaoin | Déardaoin | Dé hAoine | Dé Sathairn | Dé Domh-naigh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| SEISIÚN 1 | **An Béaloideas i mBailiúchán na Scol** Eolas faoi Chumann Bhéaloideas Éireann, na cineálacha éagsúla béaloidis, eolas faoi Bhailiúchán na Scol | **Spórt** (lasmuigh - téarmaíocht, ionaid ar an bpáirc, rialacha, gártha molta agus gríosaithe) | **An Béaloideas i mBailiúchán na Scol** Na mic léinn ag féachaint ar na bailiúcháin ó scoileanna éagsula ar an suíomh (www.duchas.ie), bailiúchán ó scoil ar leith a roghnú | **Drámaíocht / Sceitsí** (mic léinn ag cumadh agus ag cleachtadh) | | **Siúlóid Threoraithe/ Turas** (cuairteanna ar áiteanna stairiúla, eolas a bhailiú le cur san Fhillteán Foghlama | |
| SEISIÚN 2 | **An Béaloideas i mBailiúchán na Scol** An suíomh (www.duchas.ie) a thaispeáint, na mic léinn á úsáid, béaloideas an cheantair | **Spórt** (lasmuigh téarmaí, ionaid ar an bpáirc, rialacha, gártha molta agus gríosaithe) | **An Béaloideas i mBailiúchán na Scol** An béaloideas ó scoil ar leith a léamh, achoimre air a dhéanamh, tuairim a léiriú ar a fhiúntas (www.duchas.ie) | **Drámaíocht / Sceitsí** (mic léinn ag cumadh agus ag cleachtadh) | | **Siúlóid Threoraithe/ Turas** (cuairteanna ar áiteanna stairiúla, eolas a bhailiú le cur san Fhillteán Foghlama) | |

Iarrtar Seisiúin an Tráthnóna agus Seisiúin na hOíche a eagrú ar bhealach nach mbeidh na mic léinn díomhaoin don tráthnóna agus don oíche in aon lá amháin. Mar shampla, i Seachtain a hAon thuas, d'fhéadfadh Céilí a bheith ar siúl oíche Dé hAoine agus imeachtaí sóisialta eile a eagrú d'oíche Dé Sathairn.

## 10. Seisiúin na hOíche

Beidh ceithre huaire an chloig (dhá sheisiún, de ghnáth, ar a laghad) ann in aghaidh na seachtaine do Sheisiúin na hOíche. Tá solúbthacht ann agus saoirse ag na Coláistí Gaeltachta maidir leis na hoícheanta a roghnaítear. Má bhíonn drochaimsir ann, is féidir seisiún a chur siar. Iarrtar Seisiúin an Tráthnóna agus Seisiúin na hOíche a eagrú ar bhealach nach mbeidh na mic léinn díomhaoin don tráthnóna agus don oíche in aon lá amháin, más féidir. Imeachtaí foirmiúla sóisialta a bheidh iontu. Beidh éagsúlacht ag baint leo. Caithfidh dhá chéilí ar a laghad a bheith ag na mic léinn i rith na Tréimhse. Ag na céilithe déanfaidh na mic léinn na rincí a d'fhoghlaim siad ag Seisiúin an Tráthnóna agus beidh deiseanna acu ag na céilithe, freisin, amhráin atá foghlamtha acu a chanadh agus ceol a sheinm. Oícheanta eile, cuirfear leis an éagsúlacht trí imeachtaí eile a eagrú, mar shampla, Tráth na gCeisteanna, sceitsí atá ullmhaithe ag na mic léinn, Comórtas na dTithe, aithris filíochta, seanchaí áitiúil.

## 11. An Fillteán Foghlama

Beidh Fillteán Foghlama ar leith ag na mic léinn don Dara Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht. Leabhar nótaí crua A4 a bheidh ann. Doiciméad Oibre a bheidh ann ó thús deireadh an chúrsa. Is í seo a leanas an úsáid a bhainfidh na mic léinn as an bhFillteán Foghlama:

- ag tús an chúrsa, scríobhfaidh siad a gcuid aidhmeanna pearsanta don chúrsa Gaeltachta ann
- bainfidh siad úsáid as chun nótaí a ghlacadh i rith an chúrsa, agus chun foclóir agus leaganacha cainte nua a fhoghlaimeoidh siad sa teach agus sa choláiste Gaeltachta a chlárú
- do Thasc 1, is san Fhillteán Foghlama a scríobhfaidh siad an chéad dréacht agus an dréacht deireanach de na ceisteanna a úsáidfidh siad san agallamh
- is san Fhillteán Foghlama a bhreacfaidh siad síos nótaí agus na hagallaimh á gcur agus is ann a scríobhfaidh siad dréachtaí den Chur i Láthair
- is san Fhillteán Foghlama a chuirfear an Léirmheas ar an mbéaloideas ó scoil ar leith i mBailiúchán na Scol
- i rith an chúrsa agus ag deireadh an chúrsa is san Fhillteán Foghlama a dhéanfaidh na mic léinn féinmheastóireacht ar a ndul chun cinn.

Beidh an Fillteán Foghlama mar fhianaise ar ghnéithe ar leith de rannpháirtíocht an mhic léinn aonair sa chúrsa Gaeltachta.

## 12. Measúnú

Déanfaidh na mic léinn féinmheastóireacht i rith agus ag deireadh an chúrsa de réir na n-aidhmeanna a leag siad síos dóibh féin. Ar bhonn ginearálta, déanfaidh na teagascóirí Gaeltachta monatóireacht ar thoilteanas an mhic léinn Gaeilge a labhairt go neamhfhoirmiúil, ar rannpháirtíocht sa rang, ar úsáid an Fhillteáin Fhoghlama agus ar chomhlíonadh na dtascanna. Tabharfaidh na teagascóirí aischothú neamhfhoirmiúil don mhac léinn aonair go rialta, go háirithe chun dea-iarrachtaí a aithint. Beidh leibhéal sástachta na dteagascóirí Gaeltachta leis sin go léir le feiceáil ar an Tuairisc Aonair do gach mac léinn a chuirfear ar ais chuig an gColáiste Oideachais agus caithfidh gach mac léinn an Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht a chríochnú go sásúil. Tabharfaidh gach mac léinn an Fillteán Foghlama go dtí Scrúdú Cainte dheireadh na bliana san Institiúid Oideachais. Mar chuid den Scrúdú Cainte iarrfar ar an mac léinn an Fillteán Foghlama a thaispeáint don Scrúdaitheoir agus labhairt faoi ghnéithe éagsúla den chúrsa Gaeltachta. Is faoi gach Institiúid Oideachais ar leith a bheidh sé socrú a dhéanamh maidir le háit a bheith ag an bhFillteán Foghlama ina córas measúnaithe.

# Aguisín 1

## Gluais

**an tréimhse réamhchumarsáide:** (an chéad chuid de cheacht i gcur chuige cumarsáideach ina ndéanann an múinteoir dul siar ar obair an lae roimhe sin, ina músclaíonn an múinteoir suim na bpáistí, ina spreagtar na páistí agus thar rud ar bith eile ina ndéanann an múinteoir ionchur teanga i.e. ina múineann an múinteoir an teanga do na páistí a bheidh in úsáid acu níos déanaí sa cheacht chun cumarsáid a dhéanamh)

**an tréimhse cumarsáide:** (an tréimhse is tábhachtaí sa cheacht, i lár an cheachta, ina n-úsáideann na páistí an teanga atá foghlamtha sa Tréimhse Réamhchumarsáide chun cumarsáid a dhéanamh)

**an tréimhse iarchumarsáide:** (an chuid dheireanach de cheacht i gceacht cumarsáideach ina ndéanann an múinteoir dul siar agus daingniú ar ábhar an cheachta, ina ndéantar anailís ar an teanga (pointe gramadaí éigin), ina ndírítear ar bhotúin a rinne na páistí ar bhonn neamhphearsanta agus ina dtugtar deiseanna do na páistí traschur go suíomh eile a dhéanamh i.e. an teanga a d'fhoghlaim siad agus a d'úsáid siad i suíomh amháin a úsáid i suíomh difriúil – mar shampla, siopa éadaigh go siopa bróg)

**anailís ar an teanga:** (díriú ar phointe éigin gramadaí)

**cur chuige cumarsáideach:** (bíonn an múinteoir i gcónaí ag dul i dtreo na cumarsáide i.e. ag súil go n-úsáidfidh na páistí an teanga atá á foghlaim acu chun cumarsáid a dhéanamh, níos déanaí sa cheacht nó tar éis an cheachta go neamhfhoirmiúil)

**cur chuige déaduchtach:** (an cur chuige traidisiúnta chun gramadach a mhúineadh ina dtugann an múinteoir rialacha do na foghlaimeoirí ar dtús, ina dhiaidh sin samplaí a léiríonn na rialacha agus ansin iarann an múinteoir ar na foghlaimeoirí cleachtaí a dhéanamh ina gcuireann na foghlaimeoirí na rialacha i bhfeidhm)

**cur chuige ionduchtach:** (cur chuige chun gramadach a mhúineadh ina mbíonn an foghlaimeoir lárnach agus gníomhach, ina dtugann an múinteoir samplaí do na foghlaimeoirí, ina spreagtar na foghlaimeoirí patrúin a thabhairt faoi deara trí anailís a dhéanamh ar na samplaí agus ina dtagann na foghlaimeoirí ar na rialacha iad féin)

**cuspóir:** (an rud a bhíonn an múinteoir ag iarraidh a chur ar chumas an pháiste)

**eiseamláir:** (an teanga, an frása, an cheist, an freagra agus araile a úsáidtear chun feidhm teanga a chomhlíonadh, mar shampla, ag fiosrú faoi thaitneamh, "An maith leat grán rósta?"; ag gabháil buíochais, "Go méadaí Dia do stór!")

**FCÁT:** (foghlaim chomhtháite ábhar agus teangacha nó CLIL mar a thugtar air freisin – *content and language integrated learning*, i.e. nuair a mhúintear ábhar eile curaclaim trí mheán na Gaeilge agus nuair a bhíonn na páistí ag foghlaim Gaeilge chomh maith le bheith ag foghlaim an ábhair churaclaim eile). Tá níos mó i gceist, áfach, ná a bheith ag múineadh / ag foghlaim trí mheán na sprioctheanga. Le FCÁT is é an t-ábhar féin, mar shampla, an Stair, an príomhfhócas, is í an Ghaeilge an meán agus nuair a bhíonn an múinteoir ag múineadh, ní hamháin go mbíonn an múinteoir ag iarraidh cuspóirí an ábhair a bhaint amach ach bíonn an múinteoir ag iarraidh cuspóirí teanga a bhaint amach chomh maith. Mar sin, bíonn tábhacht ag baint le téarmaíocht cheart chruinn an mhúinteora, le húsáid eiseamláireach na teanga ón múinteoir agus le cothú scileanna Gaeilge sa pháiste. Cé go mbaineann FCÁT le suíomhanna lasmuigh den tumoideachas is cur chuige é atá an-oiriúnach do scoileanna Gaeltachta agus Lán-Ghaeilge mar go múintear gach ábhar sna scoileanna sin, seachas Béarla, trí mheán na Gaeilge.

**feidhm teanga:** (an úsáid a bhaineann duine as teanga chun cuspóir éigin cumarsáide a bhaint amach, mar shampla, ag beannú do dhuine, ag fiosrú faoi thaitneamh, ag lorg ceada, ag gabháil buíochais)

**geáitsí:** (na gníomhartha fisiceacha leis na lámha, leis an gcorp agus araile a dhéanann múinteoir chun léiriú do na páistí céard is brí le briathra i rannta, in amhráin, i scéalta agus araile)

**gníomhamhrán:** (amhráin ar féidir leis an múinteoir gníomhartha / geáitsí a chur leo agus inar féidir leis an múinteoir a bheith ag súil go ndéanfaidh na páistí aithris ar an múinteoir)

**ionchur teanga:** (an teanga, an foclóir, na frásaí, na ceisteanna, na freagraí agus araile a bhíonn le múineadh ag an múinteoir do na páistí sular féidir leis an múinteoir a bheith ag súil go mbeidh na páistí in ann úsáid a bhaint as an teanga sin chun cumarsáid a dhéanamh)

**modhanna múinte:**

(an modh closamhairc – foghlaimíonn na páistí trí bheith ag éisteacht agus ag amharc / ag féachaint, spreagtar na páistí chun cainte trí úsáid a bhaint as pictiúir mar spreagthaigh agus trí cheisteanna a chur orthu;

an modh closlabhartha – úsáidtear an modh seo chun scileanna éisteachta agus chun scileanna cainte na bpáistí a fhorbairt;

an modh díreach – úsáidtear an modh seo chun foclóir a mhúineadh go háirithe ainmneacha rudaí, le fíorearraí agus pictiúir mar áiseanna;

modh na lánfhreagartha gníomhaí – úsáidtear an modh seo chun tuiscint a thabhairt do na páistí ar an mbrí atá le briathra a dhéanann cur síos ar ghníomhartha fisiceacha, déantar ceangal idir an gníomh agus an focal nó an frása a fhreagraíonn dó, agus is minic a éisteann na páistí le treoracha ón múinteoir agus a fhreagraíonn siad go fisiciúil;
modh na ráite – múintear frásaí nó "ráite" do na páistí a mbeidh siad in ann úsáid a bhaint astu ina dhiaidh sin nuair a bheidh siad ag teastáil uathu;
modh na sraithe – úsáidtear an modh seo chun scéal a insint nó chun scéal a mhealladh ó na páistí ina bhfuil sraith d'abairtí leanúnacha nó chun cabhrú leis na páistí sraith de threoracha a thabhairt, mar shampla, an chaoi a ndéantar pancóga)

**múnlú:** (nuair a bhíonn léachtóir ag míniú do mhic léinn oideachais cén chaoi a múintear rud éigin, go nglacann an léachtóir ról an mhúinteora agus go dtaispeánann an léachtóir do na mic léinn oideachais a bhfuil i gceist ó chéim go céim)

**O.S.I.E.:** (ábhar bunscoile, Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta i.e. Stair, Tíreolaíocht agus Eolaíocht)

**rann:** (véarsa(í) gearr(a) ina bhfuil rithim agus rím agus a bhíonn ina ngníomhrainn nuair is féidir geáitsí a chur leo agus a bheith ag súil go ndéanfaidh na páistí aithris ar an múinteoir)

**riachtanais chumarsáide na bpáistí:** (na rudaí a bhíonn na páistí ag iarraidh a rá sna suíomhanna ina mbíonn siad i gceacht cumarsáideach nó go neamhfhoirmiúil)

**snáithe:** (gné d'ábhar curaclaim, mar shampla, is iad snáitheanna Churaclam na Gaeilge ná Éisteacht, Labhairt, Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht)

**spreagadh / múscailt suime:** (ag tús ceachta sa Tréimhse Réamhchumarsáide nuair a bhíonn an múinteoir ag iarraidh suim na bpáistí in ábhar an cheachta a mhúscailt agus cúis a thabhairt dóibh an teanga a bhíonn le foghlaim acu a fhoghlaim)

**téama agus topaic / fothéama:** (i gCuraclam na Gaeilge tá deich dtéama – Mé Féin, Sa Bhaile, An Scoil, Bia, An Teilifís, Siopadóireacht, Caitheamh Aimsire, Éadaí, An Aimsir, Ócáidí Speisialta agus le gach téama tá go leor topaicí nó fothéamaí, mar shampla, bainteach leis an téama Caitheamh Aimsire bheadh na topaicí / fothéamaí seo: bréagáin, ag dul ag snámh, peil, léitheoireacht agus araile)

**teanga chaidrimh:** (an úsáid shóisialta neamhfhoirmiúil a bhaintear as an teanga chun beannú do dhuine, chun slán a fhágáil, chun buíochas a ghabháil agus araile)

**teanga bhainisteoireachta ranga:** (an úsáid neamhfhoirmiúil a bhaineann an múinteoir as an teanga chun orduithe a thabhairt – "Cuirigí suas bhur gcathaoireacha anois!" – agus chun fógraí a dhéanamh – "Tá sé rófhliuch inniu chun dul amach go dtí an clós.")

**traschur go suíomh eile:** (an teanga a d'fhoghlaim na páistí agus a d'úsáid siad i suíomh amháin a úsáid i suíomh difriúil – mar shampla, siopa éadaigh go siopa bróg)

**tumoideachas:** tumtar an páiste go hiomlán sa sprioctheanga, sa chás seo sa Ghaeilge. Sa tumoideachas Lán-Ghaeilge is í an Ghaeilge teanga an teagaisc, teanga na foghlama, teanga na cumarsáide sa scoil, teanga na n-acmhainní, teanga na dtástálacha, teanga an chlóis, teanga an turais scoile agus araile. Úsáidtear an téarma, "Luath-thumadh Iomlán" chun cur síos a dhéanamh ar an gcleachtas gan Béarla a mhúineadh do ranganna na Naíonán.

**úsáid na teanga:** (níos tábhachtaí ná eolas ar an teanga agus an phríomhaidhm a ba chóir a bheith ag ceacht Gaeilge i gCur Chuige Cumarsáideach, na páistí a chur ag úsáid na teanga a fhoghlaimíonn siad)

## Aguisín 2

## Teimpléad do Cheacht Staire

**Ceacht Staire**

(Úsáid pointí urchair, scríobh an ceacht san Aimsir Fháistineach, scríobh samplaí de cheisteanna an mhúinteora agus de fhreagraí an phaiste)

**Snáithe:** An tAm atá Thart nó Stair Áitiúil an Cheantair Ghaeltachta seo nó Stair na hÉireann?: _____________________________________________________

**Rang:** ________

**Teideal an Cheachta:** _______________________________________________________

**Cuspóirí:** (Ba chóir go mbainfeadh ceann amháin de na cuspóirí ar a laghad leis an teanga i.e. Gaeilge agus go gcuirfí (t) ag deireadh an chuspóra sin.)

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

1.

2.

3.

4.

**Áiseanna:** ________________________________________________________________

**Réamhrá:**

*(Conas a spreagfaidh tú an rang? Céard faoi Obair Aonair (OA), Obair Bheirte (OB), Obair Ghrúpa (OG)? Aon chuid den cheacht anseo a bhaineann leis an gcuspóir teanga, ba chóir (t) a chur ina dhiaidh.)*

**Forbairt:**

*(Aon chuid den cheacht anseo a bhaineann leis an gcuspóir teanga, ba chóir (t) a chur ina dhiaidh.)*

**Dul Siar agus Clabhsúr:**

*(Aon chuid den cheacht anseo a bhaineann leis an gcuspóir teanga, ba chóir (t) a chur ina dhiaidh.)*

**Measúnú:**

*(Conas a dhéanfaidh tú measúnú ar chuspóirí an cheachta?)*

**Aguisín 3**

## Teimpléad do Léirmheas ar bhéaloideas scoile ó Bhailiúchán na Scol

| |
|---|
| Céard é do mheas ar an suíomh www.duchas.ie ? |
| Ainm agus seoladh na scoile a roghnaigh tú: |
| Cur síos ginearálta ar an mbéaloideas ón scoil sin: |
| Teideal an phíosa bhéaloidis ón scoil a roghnaigh tú: |
| Cén cineál béaloidis atá sa phíosa béaloidis a roghnaigh tú? (stair áitiúil nó dinnseanchas i.e. gnéithe nádúrtha den tírdhreach nó logainmneacha nó scéal béaloidis nó fabhalscéal nó finscéal nó tomhais nó seanfhocail nó leigheasanna nó piseoga agus creidimh na ndaoine nó seanchas aimsire nó cluichí agus caitheamh aimsire nó modhanna oibre agus ceirdeanna): |
| Ainm an Mhúinteora: |
| Ainm an Bhailitheora (i.e. an páiste a bhailigh): |
| Ainm an Fhaisnéiseora (i.e. an duine a thug an béaloideas don bhailitheoir / pháiste): |

| |
|---|
| Achoimre ar an bpíosa béaloidis a roghnaigh tú: |
| Do thuairim phearsanta faoi fhiúntas an bhéaloidis ón scoil a roghnaigh tú, dar leat: |